



# Partnership for the Arts

in practice 2006-2008

# Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon

cleachtais 2006-2008



70 Merrion Square, Dublin 2, Ireland  
t + 353 1 6180200  
f + 353 1 6761302  
Callsave 1850 392 492  
e [info@artscouncil.ie](mailto:info@artscouncil.ie)  
w [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)

**Published: December 2005**

**ISSN 0790 -1593**  
**ISBN 1-904291-18-X**

70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire  
t + 353 1 6180200  
f + 353 1 6761302  
Callsave 1850 392 492  
r.phost: [info@artscouncil.ie](mailto:info@artscouncil.ie)  
gréasán [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)

**Foilsithe: Nollaig 2005**

**ISSN 0790 -1593**  
**ISBN 1-904291-18-X**

Partnership for the Arts

in practice 2006-2008

Comhpháirtíocht ar  
son na nEalaíon

cleachtais 2006-2008



## Contents

Introduction

### Group One

Architecture 8  
Dance 12  
Film 16  
Literature (English Language) 20  
Literature (Irish Language) 24  
Music 28  
Theatre 32  
Visual Arts 40

### Group Two

Festivals and Events 46  
Production Companies 50  
Resource Organisations 54  
Venues 58

### Group Three

Arts & Disability 64  
Arts & Health 68  
Arts in Schools 72  
International Arts 76  
Local Arts 80  
Participatory Arts 84  
Public Art 88  
Young People, Children and the Arts 92

## Clár

Réamhrá

### Grúpa a hAon

Ailtireacht 9  
Rince 14  
Scannáin 18  
Litríocht an Bhéarla 22  
Litríocht na Gaeilge 26  
Ceol 30  
Téatar 36  
Na Fisealaíona 42

### Grúpa a Dó

Féilte agus Imeachtaí 48  
Compántais Léiriúcháin 52  
Eagraíochtaí Acmhainne 56  
Ionaid Tionóil 60

### Grúpa a Trí

Na hEalaíona & Michumas 66  
Na hEalaíona & Sláinte 70  
Na hEalaíona sna Scoileanna 74  
Na hEalaíona Idirnáisiúnta 78  
Na hEalaíona Áitiúla 82  
Na hEalaíona Rannpháirteachais 86  
An Ealaín Phoiblí 90  
Daoine Óga, Páistí agus na hEalaíona 94

## Introduction

### Partnership for the Arts

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 - 2010* says ...'our goals can be achieved only if the Arts Council, the arts community and a wide range of other interested agencies and organisations work together...'

The pages that follow set out what we believe are the most important actions within each area of our work for the next three years, based on extensive consultations with those involved. What we set out here is an agenda for action, but it is also an *invitation* to work with us in achieving the goals of *Partnership for the Arts*.

The papers describe our plans for funding programmes, initiatives and advocacy projects in three groups.

**Group One** is set out by *artform*, but these papers are not intended to be exclusively of interest to organisations and artists who work only within one artform. The initiatives, advocacy and funding programmes relate equally to multi-disciplinary organisations with an interest in, or a role to play, within that artform.

**Group Two** brings together the organisations we support by *type of organisation*. This reflects the distinctive characteristics of different organisations, for example festivals which have a strong seasonal rhythm to their work and venues which have costs and needs relating to the

ownership and management of buildings. In tailoring our supports to arts organisations, we realise that each type of organisation will have different planning cycles, different needs and different contributions to make.

We also understand, however, that these categories are not exclusive. For example, resource organisations, venues and festivals may also produce work; production companies festivals and venues may and do provide resources, services, information and other supports. And indeed, local authorities can play some or all of these roles.

**Group Three** sets out the areas of our work related to arts practices and support which *cross all the artforms*.

There are some notable omissions. Circus, for example, is a new area for the Arts Council and our policy is being developed. Opera policy has been under review by an Opera Working Group and will be published when the recommendations of this group have been considered in full. Voluntary and amateur arts is the subject of a study that was commissioned earlier this year and which will inform a new policy when it is complete. Our policy on traditional arts has been published and will be implemented in its first full year in 2006.

## Réamhrá

### Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon

Deirtear i *gComhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010 ...* 'ní bhainfeadh ár gcuspóirí amach mura mbíonn an Chomhairle Ealaíon lucht na n-ealaíon agus raon leathan de ghníomhaireachtaí leasmhara eile ag saothrú le chéile...'

Sna leathanaigh seo a leanas mínímid na bearta is tábhachtaí, dar linn, laistigh de gach réimse oibre sna trí bliana amach romhainn. Socraíodh na bearta sin de thoradh ar chomhairliúcháin chuimsitheacha leo sin atá gníomhach sna healaíona. Ní amháin gur clár oibre agus gníomhaíochta atá sa doiciméad seo, is *cuireadh* atá ann freisin saothrú linn chun cuspóirí *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon* a bhaint amach.

Sna páipéir seo, i dtrí ghrúpa ar leith, gheofar cur síos ar phleananna maidir le cláir mhaointhe, tionscnaimh agus tionscadail abhcóideachta.

Is de réir foirme ealaíne a rangáitear **Grúpa a hAon**, ach ná sílítear nach mbaineann na páipéir ach le heagraíochtaí agus ealaíontóirí a shaothraíonn foirm ealaíne ar leith. Tá an t-eolas faoi thionscnaimh, ábhcoideacht agus maoiniú chomh tábhachtach céanna d'eagraíochtaí ildisciplíneacha a bhfuil spéis acu i bhfoirm ealaíne ar leith, nó a a dtiocfadh leo ról a bheith acu inti.

I **nGrúpa a Dó** rangáitear le chéile na heagraíochtaí a dtugaimid tacaíocht dóibh, de réir *chineálacha* eagraíochta. Léiríonn seo saintréithe na n-eagraíochtaí éagsúla, mar shampla féilte a oibríonn de réir na séasúr agus ionaid tionóil ar a mbíonn costais agus riachtanais a bhaineann le húinéireacht agus bainistíocht foirgneamh.

Le linn dúinn a bheith ag cur ár dtacaíochta in oiriúint do na heagraíochtaí ealaíne, tuigimid nach ionann tréimhsí pleanála ó eagraíocht go chéile. Mar an gcéanna le riachtanais na n-eagraíochtaí agus an chomaoin a chuireann gach ceann acu ar shaol na n-ealaíon.

Sin ráite, tuigimid nach catagóirí eisiacha iad seo. D'fhéadfadh, mar shampla, go mbeadh eagraíocht acmhainne, nó ionad tionóil nó féile, ag cur saothair ar fáil freisin; nó go mbíonn acmhainní, seirbhísí, eolas agus foinsí tacaíochta eile á soláthar ag compántais léiriúcháin, féilte agus ionaid tionóil. Agus, go deimhin, d'fhéadfadh cuid de na ról sin, nó iad uile, a bheith á n-imirt ag údarás áitiúil.

**I nGrúpa a Trí** leagtar amach na gnéithe sin dár gcuid oibre a bhaineann le cleachtais ealaíne agus le tacaíocht *a chuimsíonn na foirmeacha ealaíne go léir*.

Tá roinnt easnamh suntasach ann. Réimse oibre nua don Chomhairle Ealaíon is ea an Sorcas, mar shampla, agus tá ár mbeartas ina leith fós á fhorbairt. Tá beartas maidir le Ceoldráma á athbhreithniú ag Meitheal Oibre Ceoldráma agus foilseofar é tar éis moltaí na Meithle a mheas go hiomlán. Tá staidéar á dhéanamh ar an healaíona deonacha agus amaitéaracha. Is staidéar é sin a coimisiúnaíodh níos luaithe i mbliana agus a bheidh mar dhúshraith eolais don bheartas nua, tráth a chríochnófar é. Foilsíodh ár mbeartas i leith na n-ealaíon traidisiúnta agus beidh 2006 ar an gcéad bhliain iomlán dó a bheith á chur i ngníomh.





# Group One/Grúpa a hAon

# Architecture

## GOALS

Affirm and promote the value of architecture in society

Assist architects in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of architecture

Strengthen architecture and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable architecture community

Ensure the Arts Council works effectively to support architecture

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with architects, the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: a **Centre for Architecture** to strengthen Ireland's visual culture and **raise public awareness** of the artistic nature of architecture; practical support for the achievement of **high architectural professional and aesthetic standards** within arts organisations; improved **support to architects to allow them to practise as artists** and in collaboration with artists of other disciplines.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might assist you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are an **architect**, who wishes to develop the artistic elements of your work, in particular through time to develop artistic ideas through research, travel and study.

You are working in or with a **resource organisation** that supports architecture and:

- offers services promoting high standards in the artistic and aesthetic quality of architecture;
- publishes and provides web-based resources to support artistic practice within architecture.

You are working in or with a **festival, venue or production company** with an interest in architecture as an artistic practice, particularly if your organisation:

- has ambitions to offer high-quality programmes that reflect architecture as an artistic practice;
- can contribute to developing and sustaining audiences;
- can enhance understanding and appreciation of architecture.

You have ideas for an **architecture project**, in particular a project that would allow architects to collaborate with artists of other disciplines.

## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in architecture, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Develop advisory and other support services on best practice design for arts buildings;
- Establish a programme of seminars in schools of architecture to promote understanding of other artforms;
- Plan for and support the Venice Biennale in 2006 and 2008 (a joint project with Culture Ireland);
- Establish a Centre for Architecture, with a national remit to strengthen Ireland's visual culture and enhance public understanding of the artistic nature of architecture;
- Establish a programme to offer practical and advisory supports that will assist in achieving high architectural and professional standards across the range of our building-based funded activities.

## Advocacy

Over the next three years, we will seek partners, including the relevant public bodies and departments, to work with us in advocating for the enhancement and implementation of Government policy relating to architecture.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website **[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**. Information on other actions relevant to architecture can be found elsewhere in this document.

# Ailtireacht

## CUSPÓIRÍ

Luach na hailtireachta sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le hailtirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den ailtireacht ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ailtireachta agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ailtireachta bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis an ailtireacht

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le hailtirí, le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh.

Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **Lárionad Ailtireachta** a neartóidh an cultúr físe in Éirinn agus a chuirfidh le **feasacht an phobail** maidir leis an ailtireacht mar ealaín; tacaíocht phraiticiúil chun **ardchaighdeáin ghairmiúla agus aeistéitiúla** a bhaint amach sna heagraíochtaí ealaíne ó thaobh na hailtireachta de; tacaíocht níos fearr a thabhairt d'ailtirí a chuirfidh ar a gcumas a **gceird a chleachtadh mar ealaíontóirí** agus i gcomhar le healaíontóirí a chleachtann disciplíní eile.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana - 2006, 2007 agus 2008 - cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**ailtirí** ar mian leo na gnéithe ealaíne dá gcuid oibre a fhorbairt, go háirithe am a chur ar fáil chun smaointe ealaíne a fhorbairt de thoradh ar thaighde, taisteal agus staidéar; Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí acmhainne** a thacaíonn leis an ailtireacht, agus:

- a thairgeann seirbhísí a chothaíonn sárchaighdeáin ealaíne agus aeistéitice san ailtireacht;
- a fhoilsíonn agus a sholáthraíonn acmhainní gréasán-bhunaithe chun tacú le cleachtais ealaíne laistigh den ailtireacht. Daoine a oibríonn le **féile, ionad tionóil nó compántas léiriúcháin** ar spéis leo an ailtireacht mar chleachtas ealaíne, go háirithe eagraíochtaí:
- ar mian leo cláir ardchaighdeáin a thairiscint a léiríonn an ailtireacht mar chleachtas ealaíne;
- ar féidir leo cabhrú le luchtanna féachana a fhorbairt agus a bhuanú;
- ar féidir leo cur le feasacht agus léirthuisicint i leith na hailtireachta.

Daoine a bhfuil smaointe acu haghaidh **thionscadail ailtireachta**, go háirithe tionscadal a thabharfaidh deis d'ailtirí saothrú i gcomhar le healaíontóirí de dhisciplíní eile.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh san ailtireacht, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- seirbhísí comhairle agus eile a fhorbairt maidir le dea-chleachtais deartha ar son fhoirgnimh ealaíne;
- Clár seimineár a chur ar siúl sna scoileanna ailtireachta a chothóidh tuiscint ar fhoirmeacha ealaíne eile;
- Pleanáil i gcomhair Venice Biennale 2006 is 2008 agus tacaíocht a sholáthar ina gcomhair (comhthionscadal le Culture Ireland);
- Lárionad Ailtireachta a chur ar bun a mbeidh sé de shaindualgas náisiúnta air cultúr fise na hÉireann a neartú agus cur le tuiscint an phobail maidir leis an ailtireacht mar ealaín;
- Clár a chur ar bun chun foinsí tacaíochta praiticiúla agus comhairleacha a sholáthar a chabhróidh le hardchaighdeáin ailtireachta agus gairmiúla a bhaint amach thar raon iomlán ár ngníomhaíochtaí maoinithe a bhaineann le cúrsaí foirgníochta.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn, beimid ag lorg compháirtithe, lena n-áirítear na comhlachtaí poiblí agus ranna rialtais ábhartha, chun saothrú linn inár n-abhcóideacht d'fhonn beartas an rialtais i leith na hailtireachta a fheabhsú agus a chur i ngníomh.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an ailtireacht le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Dance

## GOALS

Affirm and promote the value of dance in society

Assist dance artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of dance

Strengthen dance and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable dance community

Ensure the Arts Council works effectively to support dance

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the dance community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: **better support for dancers and dance production companies**; improvements in **professional development and training** for dance artists; the establishment of **an archive for dance**, drawing on the experience of organisations already active in this area; specific support for **young dancers and emerging dance artists**; and better opportunities for **dance education and vocational training** in Ireland.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes to support artists and organisations across the spectrum of dance practice (genres, styles, scales and settings) and across those serving a diversity of audiences. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are working in or with a **dance production company** with ambitions to:

- develop high-quality new work or to revive pieces from within repertoire;
- develop or sustain an ensemble;
- offer apprenticeships to emerging artists;
- assist the professional artistic development of choreographers and performers.

You are working in or with a **youth dance company**, which is interested in, or already providing, performance opportunities for emerging artists.

You are a **dance artist**, who would like support in developing ideas or who wishes to pursue professional development and training opportunities.

You are working in or with a **festival** that:

- presents dance, either as a single artform or as part of a wider programme;
- provides opportunities for audiences to see world-class dance productions by leading international choreographers alongside Irish work;

- promotes the profile and status of dance;
- develops appreciation of, and access to, dance.

You are working in or with a **venue**, with ambitions to:

- offer consistent dance programming of high quality;
- contribute to developing and sustaining audiences for dance.

You are working in or with a **resource organisation** with potential to play a distinctive role in developing and supporting dance.

You have ideas for a **dance project**, especially those which:

- could contribute to the diversity of dance practice;
- could provide opportunities for individual dance artists to work collaboratively, either with other dance artists or with artists of other disciplines;
- are based simply on presenting a new production or performing a new show;
- reflect an exploratory and/or process-based approach.

You have ideas for the **promotion and marketing of dance** nationally and internationally.

**You have proposals for touring** that might extend the life of a dance production, assist in providing venues with a range of high-quality dance performances, increase employment opportunities for dance professionals and serve a wider audience.

## Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in dance, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Establish an archive for dance, in partnership with others;
- Provide information to assist dance artists to identify and pursue professional training and development opportunities;
- Create a programme to assist with mentor relationships;
- Encourage better communication between venues and dance artists;
- Facilitate organisations to build expertise in the professional marketing and promotion of dance;
- Support local authorities in developing programmes for dance.

## Advocacy

Over the next three years, we will seek partners to work with us in advocating for:

- A national strategy for dance education and training in Ireland;
- Better dance education provision within the formal education curricula;
- A higher profile in the media for dance.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to dance can be found elsewhere in this document.

# Rince

## CUSPÓIRÍ

Luach an rince sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí rince a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den rince ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí rince agus eagraíochtaí ealaíne eile ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal rince bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis an rince

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall ag iarraidh saothrú i gcomhar le lucht rince agus páirtithe eile chun dul i ngleic leis na riachtanais seo a leanas: Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **tacaíocht níos fearr a sholáthar do rinceoirí agus do chompántais léiriúcháin rince; forbairt ghairmiúil agus traenáil níos fearr a chur ar fáil d'ealaíontóirí rince; cartlann rince a chur ar bun, ag baint leasa as taithí na n-eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse seo cheana; tacaíocht ar leith a sholáthar do rinceoirí óga agus d'ealaíontóirí rince atá ag teacht chun cinn;** agus deiseanna níos fearr a sholáthar maidir leis an **oideachas rince agus traenáil ghairmiúil** in Éirinn.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na trí bliana - 2006, 2007 agus 2008 - cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe chun tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí thar raon iomlán na gcleachtas rince (gach seánra, stíl, scála agus suíomh) a chuimsíonn dreamanna a fhreastalaíonn ar raon de luchtanna féachána éagsúla. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocthadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine atá ag obair le **compántas léiriúcháin rince** a bhfuil sé de rún acu:

- saothar nua d'ardchaighdeán a fhorbairt nó saothair *repertoire* a athbheochan;
- *ensemble* a fhorbairt nó a choimeád ar siúl;
- printiseachtaí a thairiscint d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn;
- cuidiú le forbairt ghairmiúil ealaíne na gcóragrafóirí agus na rinceoirí.

Daoine atá ag obair le **compántas rince óige** ar spéis leo deiseanna taibhléirithe a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, nó a chuireann a leithéid de dheiseanna ar fáil cheana féin;

**Ealaíontóirí rince** atá ag iarraidh cabhrach chun smaointe a fhorbairt nó deiseanna forbairt gairmiúil agus traenála a thapú;

Daoine atá ag obair le **féile**:

- a thairgeann imeachtaí rince, bíodh sin mar fhoirm ealaíne ar leith nó mar chuid de chlár níos leithne;
- a thugann deis do luchtanna féachána léiriúcháin sárchaighdeán le córagrafóirí idirnáisiúnta a fheiceáil mar aon le saothar Éireannach;



- o a chuireann stádas agus próifíl an rince chun cinn;
- o a dhéanann léirthuisicint ar rince a fhorbairt, agus é a chur i láthair pobail níos fairsinge.

Daoine atá ag obair le **hionad tionóil** a bhfuil sé de rún acu:

- o cláir rince d'ardchaighdeán a thairiscint ar bhonn leanúnach;
- o a chabhraíonn le luchtanna féachana rince a fhorbairt agus a bhuanú.

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí acmhainne** a bhfuil sé ar a gcumas ról ar leith a imirt maidir leis an rince a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar dó;

**Daoine a bhfuil smaointeamh acu le haghaidh thionscadal rince**, go háirithe iad siúd

- o a d'fhéadfadh cur le héagsúlacht sna cleachtais rince;
- o a d'fhéadfadh deiseanna a sholáthar do rinceoirí aonair saothrú i bpáirt le rinceoirí eile nó le healaíontóirí a chleachtann disciplíní eile;
- o atá ag iarraidh léiriúchán nó seó nua a chur i láthair;
- o a bhfuil cur chuige trialach agus/nó próiseas-bhunaithe acu.

**Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le margaíocht agus cur chun cinn an rince** go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;

Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le **camchuirteanna** a d'fhéadfadh ré an léiriúcháin rince a fhadú, cabhrú le hionaid tionóil a chur ar fáil le haghaidh raon de sheónna rince d'ardchaighdeán, cur le deiseanna fostaíochta do rinceoirí gairmiúla agus freastal ar lucht féachana níos leithne.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dt trí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008, beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh rince, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Cartlann rince a chur ar bun, i gcomhpháirt le páirtithe eile;
- Eolas a sholáthar chun cabhrú le healaíontóirí rince deiseanna traenála agus forbairt ghairmiúil a aimsiú agus a thapú;
- Clár a chruthú chun cabhrú le caidrimh mheantóireachta;
- Cumarsáid níos fearr a chothú idir ionaid tionóil agus ealaíontóirí rince;
- Éascú d'eagraíochtaí saineolas a fhorbairt maidir le margaíocht agus poiblíocht ghairmiúil ar son an rince;
- Tacú le húdarais áitiúla cláir rince a fhorbairt.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dt trí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Straitéis náisiúnta le haghaidh an oideachais agus na traenála rince in Éirinn;
- Soláthar níos fearr ar son an oideachais rince laistigh de churaclaim oideachais fhoirmiúla;
- Próifíl níos airde don rince sna meáin chumarsáide.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an rince le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Film

## GOALS

Affirm and promote the value of film in society

Assist film artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of film

Strengthen film and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable film community

Ensure the Arts Council works effectively to support film

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the film community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: **film studies in second-level education**; the development of a **national policy on film archiving**, enhanced and improved **funding partnerships**; and new opportunities for **television broadcast for high-quality work by Irish film makers**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are a **film artist**, who would like support in developing ideas or to create work of high artistic quality and interest, particularly work which is unlikely to be funded commercially.

You are working in or with a **resource organisation** that supports film and that:

- provides key services to film artists and to audiences;
- offers education and audience development programmes;
- advocates to improve the environment for film making, with particular regard to the artistic and cultural value of film and the working environment of the film maker;
- advocates for creative and intellectual rights.

You are working in or with a **festival that presents film**, and that:

- offers a distinctive and diverse range of film programming;
- provides opportunities for audiences to see world cultural cinema and Irish films;
- provides showcase opportunities that promote the profile and status of Irish film makers;
- enhances the appreciation of cultural and Irish cinema through education and other programmes;
- seeks to build new audiences.

You are working in or with a **venue that presents film**, and that:

- has been developed through funds from the Cultural Cinema Consortium and offers high-quality programming and viewing experiences of cultural film on a sustained basis;
- seeks to build new audiences for cultural cinema.

You have an ideas for a **film project** whether you are working individually or collaboratively, in the Irish language, in animation, in documenting the arts or in other areas of film.

### Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in film, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Update our definition of film to include broadcast media and new and emerging technologies;
- Promote a pilot transition-year module for film theory and practical film-making nationally;
- Build and maintain good relations with other agencies and funding partners in film, to ensure close co-operation and a coherent policy environment for film;
- Identify international opportunities for Irish film makers (a co-operative venture with Culture Ireland);
- Scope the feasibility of a national film archiving policy focusing particularly on areas where there are clear gaps in archiving relevant to the contemporary film maker.

### Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- Greater recognition of the artistic and cultural value of film, and the film maker as artist;
- A higher profile for arts and cultural film programming in the broadcast media;
- Better working environments for film makers.

### Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to film can be found elsewhere in this document.

# Scannáin

## CUSPÓIRÍ

Luach na scannán sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí scannáin a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de scannáin ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí scannáin agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal scannán bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú le scannáin

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na scannán agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **staidéir scannáin san oideachas dara leibhéal; beartas náisiúnta maidir le cartlannú scannán a fhorbairt, comhpháirtíochtaí feabhsaithe maidir le maoiniú agus deiseanna nua le haghaidh saothair ardchaighdeán le scannánóirí Éireannacha a chraoladh ar an teilifís.**

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Ealaíontóirí scannáin** atá ag iarraidh tacaíochta chun smaointe a fhorbairt nó saothair d'ardchaighdeán ealaíne a fhorbairt, go háirithe saothair ar deacair maoiniú tráchtála a fháil ar a son; Daoine a oibríonn **le heagraíochtaí acmhainne** a thacaíonn le scannáin, agus a sholáthraíonn:

- eochair-sheirbhísí d'ealaíontóirí scannáin agus do luchtanna féachana;
- a thairgeann cláir oideachais agus cláir um fhorbairt lucht féachana;
- a dhéanann abhcóideacht chun timpeallacht níos fearr a chruthú i gcomhair na scannánóireachta, go háirithe maidir le luach ealaíne agus cultúrtha an scannáin agus timpeallacht oibre an scannóra;
- a dhéanann abhcóideacht ar son cearta cruthaitheacha agus intleachta.

Daoine a oibríonn **le féilte a chuireann scannáin i láthair**, agus:

- a thairgeann cláir scannán a chuimsíonn raon ilchineálach, sainiúil;
- a thugann deiseanna do lucht féachana breathnú ar scannáin chultúrtha ó thíortha iasachta agus ar scannáin Éireannacha;

- o a chuireann deiseanna seó-thaispeántais ar fáil chun próifíl agus stádas scannánóirí Éireannacha a chur chun cinn;
- o a chuireann le léirthuisicint ar scannáin chultúrtha agus ar scannáin Éireannacha trí chlár oideachais agus eile;
- o a dhéanann iarracht luchtanna féachana nua a chruthú.

Daoine a oibríonn **le hionaid tionóil a chuireann scannáin i láthair**, agus:

- o a forbraíodh le cistí ón gCuibhreas Cineama Cultúrtha agus ar mian leo clár ardchaighdeán, agus deiseanna chun breathnú ar scannáin chultúrtha, a sholáthar ar bhonn leanúnach;
- o a dhéanann iarracht luchtanna féachana nua a chruthú le haghaidh an chineama chultúrtha.

**Daoine a bhfuil smaointe acu le haghaidh thionscadail scannáin**, is cuma cé acu atá siad ag saothrú ar a gconlán féin nó i gcomhar le páirtithe eile, le Gaeilge, le beochan, le clár fhaisnéise ealaíne nó réimsí eile scannáin.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh scannáin, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Ár sainmhíniú ar scannáin a uasdátú le go gcuimseoidh sé na meáin chraolta agus teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn;
- Modúl trialach náisiúnta a fhorbairt le haghaidh na hidirbhliana, a bheidh dírithe ar

theoiric na scannán agus an scannánóireacht phraiticiúil;

- Dea-chaidreamh le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe maoinithe eile a chruthú agus a bhuanú, chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh comhobair dhlúth agus beartais chomhleanúnacha ann maidir le scannáin;
- Deiseanna idirnáisiúnta a aimsiú le haghaidh scannánóirí Éireannacha (comhfhiontar le Culture Ireland);
- Féachaint cé chomh hindéanta is a bheadh sé beartas náisiúnta um chartlannú scannán a chur ar fáil, ag díriú ar na réimsí sin ina bhfuil easnaimh fhollasacha agus a mbíonn tionchar acu ar scannánóirí comhaimseartha.

### Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Aitheantas níos fearr a bhaint amach maidir le luach ealaíne agus cultúrtha na scannán, agus an scannánóir mar ealaíontóir;
- Próifíl níos airde don scannánóireacht ealaíne agus cultúrtha sna meáin chraolta;
- Timpeallacht oibre an scannánóra a fheabhsú.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann le scannáin le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Literature (English language)

## GOALS

Affirm and promote the value of literature in society

Assist writers in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of literature

Strengthen literature and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable literature community

Ensure the Arts Council works effectively to support literature

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the literature community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need to ensure **writers** have the time they need **to write, reflect and create**; the need for improved **support for literary publishing**; reliable **information on readership and buying habits**, in Ireland and more widely in English language markets; a concerted **marketing campaign for high-quality Irish literature**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help us to achieve our goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are a **writer**, who would like to take time to write, reflect and create whether you are:

- a new and emerging writer with a short track record;
- a mid-career practitioner;
- an established and mature artist.

You are a **publisher**, who might assist us in achieving our goals, whether you are commercial or non-commercial.

You publish a **journal or magazine** that could help create a stronger critical environment for literary and non-literary writing through the development of reviewing.

You are working in or with a **resource organisation** that supports literature.

You are working in or with a **festival** that supports literature, whether a specialist literature festival or whether literature is part of broader programme.

You have ideas for a **literature project**, including those:

- involving collaborative and innovative relationships with other artforms;
- based simply on producing individual titles.

## Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in literature based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Support a marketing campaign for high-quality Irish literature, including translation, in English language markets, which might include:
  - a strong presence at trade fairs;
  - support for rights marketing activity; and
  - a clear international branding of the depth and quality of contemporary Irish writers and writing.
- Publish or provide links on the Arts Council website to agreed specimen contracts for writers;
- Establish a publishers' intern system to release key personnel within smaller firms for marketing, promotional and distribution activity;
- Encourage publishers to look at new ways of growing the presence of Irish publishing on the web and to explore where appropriate the print-on-demand possibilities of new technology;
- Enable publishers to guarantee that payments of royalties to writers are made in a timely fashion.

## Advocacy:

Over the next three years, we will seek partners to work with us in advocating for:

- Public Lending Right to be implemented in line with European legislation and within a reasonable time-frame in order to ensure that writers are properly rewarded;
- Improved standing of Irish writers and publishers abroad, firstly by ensuring that writers and publishers are included in international trade missions.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to literature can be found elsewhere in this document.

# Litríocht an Bhéarla

## CUSPÓIRÍ

Luach na litríochta sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le scríbhneoirí a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den litríocht ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí litríochta agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal liteartha bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis an litríocht

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht liteartha agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Caithfidh deimhin a dhéanamh de **go mbíonn am ag scríbhneoirí chun scríobh, a machnamh a dhéanamh agus saothair a chruthú; eolas iontaofa a sholáthar maidir le nósanna léitheoireachta agus ceannaigh, in Éirinn agus ar mhargadh na dtíortha le Béarla; feachtas margaíochta comhaontaithe ar son litríocht ardchaighdeán le scríbhneoirí Éireannacha.**

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Beidh suim ag na daoine seo a leanas ann:*

**scríbhneoirí** ar mian leo am a ghlacadh le scríobh, machnamh agus saothair a chruthú. Cuimsíonn seo na scríbhneoirí seo a leanas -

- scríbhneoirí óga nó scríbhneoirí nach bhfuil i bhfad ar an bhfód;
- scríbhneoirí atá i lár a réime;
- ealaíontóirí aitheanta aibí.

**Foilsitheoirí** a d'fhéadfadh cabhrú linn ár gcuspóirí a bhaint amach, is cuma cé acu foilsitheoirí tráchtála nó neamhtráchtála iad.

**Irisí agus tréimhseacháin** ar féidir leo timpeallacht chriticiúil níos folláine a chruthú le haghaidh na scríbhneoireachta liteartha is neamhliteartha de thoradh ar fhorbairt na léirmheastóireachta.

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí acmhainne** a thacaíonn leis an litríocht  
Daoine a oibríonn **le féile** a thacaíonn leis an litríocht, idir fhéilte litríochta agus fhéilte a chlúdaíonn an litríocht mar pháirt de chlár níos leithne

Daoine a bhfuil smaoineamh acu le haghaidh **thionscadal litríochta**, lena n-áirítear caidrimh nuálaíochta agus caidrimh chomhoibre le foirmeacha eile ealaíne arb é a gcuspóir teidil ar leith a chur ar fáil.



## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh litríochta, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnaimh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Tacú le feachtas margaíochta ar son litríocht ardchaighdeán le scríbhneoirí Éireannacha ar mhargaí na dtíortha le Béarla. Beidh aistriúchán san áireamh ann agus, b'fhéidir:
  - toscaireachtaí láidre ar na haontaí trádála,
  - tacaíocht do ghníomhaíochtaí maidir le margaíocht cearta agus
  - brandáil shoiléir idirnáisiúnta a léireoidh caighdeán agus saibhreas na scríbhneoireachta comhaimseartha Éireannaí.
- Conarthaí eiseamláireacha le haghaidh scríbhneoirí a fhoilsiú nó naisc a chruthú lena leithéid ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon;
- Córas intéirneach a bhunú le haghaidh foilsitheoirí a ligfidh don eochair-fhoireann sna comhlachtaí beaga a n-am a chaitheamh le gníomhaíochtaí margaíochta, poiblíochta agus dáileacháin;
- Foilsitheoirí a spreagadh chun slite nua a fhiosrú chun an fhoilsitheoireacht Éireannach ar an ngréasán a fheabhsú agus, i gcás gur cuí é, féachaint cén leas is féidir a bhaint as an teicneolaíocht nua 'priontáil de réir éilimh';
- Cur ar a gcumas d'fhoilsitheoirí gealltanas a thabhairt go n-íocfar dleachtanna go tráthúil leis na scríbhneoirí.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- An Ceart Iasachta Poiblí a chur i ngníomh de réir na reachtaíochta Eorpaí laistigh de thréimhse réasúnta ama chun deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann scríbhneoirí cúiteamh cuí;
- Cur le seasamh scríbhneoirí agus foilsitheoirí Éireannacha thar sáile, trína dheimhniú go dtugtar cuireadh do scríbhneoirí agus d'fhoilsitheoirí ar thoscaireachtaí trádála idirnáisiúnta.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an litríocht le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Literature (Irish language)

## GOALS

Affirm and promote the value of literature in society

Assist writers in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of literature

Strengthen literature and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable literature community

Ensure the Arts Council works effectively to support literature

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the literature community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: a concerted approach to the **promotion of Irish-language books**; reliable **information on the needs of writers in the Irish language**, whether writing on a full-time or part-time basis, whether established or just starting out; and improved and wider support to **writers-in-residence programmes** within universities and colleges.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are a **writer**, who would like support to develop ideas, whether you are working full-time or part-time, whether you are established or just starting out.

You are working in or with a **resource organisation** that supports literature in Irish.

You are working in or with a **venue or festival** that:

- offers opportunities for writers in the Irish language;
- builds audiences for Irish-language literature or has ambitions to do so.

You have ideas for **Irish language literature projects**, especially those that:

- propose to initiate apprenticeships in literary editing;
- could, on a small scale, enable Irish language writers or publishers to have an excerpt of work translated into one of the main European languages.

## Initiatives

Over the next three years -- 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in literature, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss ways in which you might help us to:

- Promote Irish language books, through Seachtain na Leabhar, a partnership initiative involving An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council, Foras na Gaeilge, Bord na Leabhar Gaeilge, ÁIS and CLÉ;
- Support Bord na Leabhar Gaeilge in conducting comprehensive market research about Irish language books and reading;
- Commission a survey of the reading habits of first year pupils in Gaeltacht and all-Irish post-primary schools;
- Encourage the employment of reader development workers in Gaeltacht libraries, in partnership with An Chomhairle Leabharlann and Údarás na Gaeltachta, to encourage adult readership in Irish;
- Establish a bursary for young or emerging writers of prose or other forms of writing, who would like to spend a three-month summer period in a Gaeltacht area working under the direction of an established writer.

## Advocacy

Over the next three years, we will seek partners to work with us in advocating for:

- A national Irish language reading initiative involving the broadcast media that focuses mainly on literary titles published in recent years;
- A distinct International Standard Book Number (ISBN) for Irish language literature.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to literature can be found elsewhere in this document.

# Litríocht na Gaeilge

## CUSPÓIRÍ

Luach na litríochta sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le scríbhneoirí a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den litríocht ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí litríochta agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal liteartha bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis an litríocht

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht liteartha agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: cur chuige comhaontaithe maidir le **leabhair Ghaeilge a chur chun cinn; eolas iontaofa faoi riachtanais scríbhneoirí Gaeilge**, cibé acu scríbhneoirí lánaimseartha nó páirtaimseartha iad, nó má tá siad díreach ag tosú amach; agus tacaíocht níos fearr is níos forleithne a sholáthar do **chláir chónaitheachta do scríbhneoirí** sna hollscoileanna agus sna coláistí.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thioctadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Scríbhneoirí** atá ag iarraidh tacaíochta chun smaointe a fhorbairt, is cuma cé acu scríbhneoirí lánaimseartha nó páirtaimseartha iad, nó fiú má tá siad díreach ag tosú amach; Daoine a oibríonn **le heagraíochtaí acmhainne** a thacaíonn le litríocht na Gaeilge, nó; Daoine atá ag obair le **féile nó le hionad tionóil**:

- a thairgeann deiseanna do scríbhneoirí Gaeilge;
  - a chruthaíonn pobail léitheoireachta i gcomhair na litríochta Gaeilge, nó a bhfuil sé de rún acu a leithéid a dhéanamh.
- Daoine a bhfuil smaointe acu le haghaidh **thionscadal litríochta** i nGaeilge, go háirithe iad siúd
- ina mbeartófaí tús a chur le printíseachtaí san eagarthóireacht liteartha;
  - a d'fhéadfadh, ar scála beag, deis a thabhairt do scríbhneoirí nó d'fhoilsitheoirí Gaeilge sliocht as a saothar a aistriú go ceann de mhórtheangacha na hEorpa.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh litríochta, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Leabhair Ghaeilge a chur chun cinn trí Sheachtain na Leabhar, tionscnamh comhphárteachais idir an Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Bord na Leabhar Gaeilge, ÁIS agus CLÉ;
- Tacú le Bord na Leabhar Gaeilge chun taighde cuimsitheach margáochta a dhéanamh ar leabhair agus léitheoireacht i nGaeilge;
- Suirbhé a choimisiúnú ar nósanna léitheoireachta dhaltaí céad bhliana in iarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge;
- Cabhrú le hoibrithe forbairt léitheoireachta a fhostú i leabharlanna na Gaeltachta, i gcomhpháirt leis an gComhairle Leabharlann agus Údarás na Gaeltachta, chun léitheoireacht na Gaeilge a spreagadh i measc daoine fásta;
- Sparánacht a chur ar fáil do phrós-scribhneoirí agus scríbhneoirí eile atá óg nó atá ag teacht chun cinn agus ar mian leo tréimhse trí mhí a chaitheamh i gceantar Gaeltachta ag obair faoi stiúir scríbhneora aitheanta.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Tionscnamh náisiúnta chun léitheoireacht na Gaeilge a spreagadh. Beidh na meáin chraolta páirteach ann agus beidh sé dírithe, den chuid is mó, ar shaothair liteartha a foilsíodh le blianta beaga anuas;
- Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN) ar leith do litríocht na Gaeilge.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an litríocht le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Music

## GOALS

Affirm and promote the value of music in society

Assist composers and musicians in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of music

Strengthen music and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable music community

Ensure the Arts Council works effectively to support music

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the music community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: an improved range of awards and bursaries to support **composers and performers, across all music genres**; better **support for music performance, including touring**; leadership in identifying and responding to **national policy and infrastructural gaps** relevant to music, for example in **music education**, together with partners from all areas of musical practice.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes to support artists and arts organisations across the spectrum of music practice (genres, styles, scales and settings) and across those serving a diversity of audiences. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are a **performer** or a **composer** who requires time to reflect or create work or who wishes to undertake career development opportunities, including continued professional development, mentoring, masterclasses and workshops.

You have plans for a new small- or medium-scale **ensemble**.

You lead or are a member of an existing **ensemble**, with plans to strengthen and develop existing work.

You work in or with a **resource organisation** that supports music, and:

- plays a distinctive role in providing core supports to the practice and enjoyment of music, across all areas of musical practice;
- is concerned with improving the availability of information on career development opportunities for performers and composers.

You wish to **commission** a piece of music.

You work in or with a **festival or a venue that presents music** and that:

- contributes to the range of music performances available;
- offers consistent high-quality music programming;
- contributes to developing and sustaining audiences for music;
- could contribute to an improved profile of music programming in non-specialist venues and festivals.

You have ideas for a **music project**, particularly:

- a music recording or publishing project;
- new ensemble-in-residence projects, especially those in partnership with local authorities and others where appropriate.

You have proposals for **touring music** that will provide more venues with a wider range of high-quality music, increase employment opportunities for music professionals and serve a wider audience.

### Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in music, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Identify national policy and infrastructural gaps affecting music and take a lead in formulating responses in partnership with organisations and voices from all areas of musical practice;

- Develop the environment for contemporary music in response to the findings of the Contemporary Music Review;
- Examine national orchestral needs and develop appropriate responses. Investigate issues including regional spread of orchestral activity and the feasibility of an opera/ballet/music theatre orchestra;
- Analyse the musical strengths and needs of Ireland's new communities;
- Develop a national showcase or music fair to assist in the professional promotion of Irish music nationally and internationally;
- Establish the feasibility of a national music day, with partner organisations;
- Support local authorities and others in the development of their music programmes and in the provision of a community-wide range of activities.

### Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- The full implementation of the study, *A National System of Local Music Education Services*;
- A dedicated medium-scale concert venue in Dublin.

### Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to music can be found elsewhere in this document.

# Ceol

## CUSPÓIRÍ

Luach an cheoil sa tsochaí a dhearbhú agus a chur chun cinn

Cabhrú le cumadóirí agus le ceoltóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den cheol ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ceoil agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ceoil bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis an gceol

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht ceoil agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: raon feabhsaithe dámhachtainí agus sparánachtaí a sholáthar chun tacú le **cumadóirí agus ceoltóirí i ngach seánra ceoil; tacaíocht níos fearr a sholáthar i gcomhair ceolchoirmeacha, camchuirteanna san áireamh; ceannaireacht a sholáthar maidir le beartas náisiúnta agus easnaimh bhonneagair** a aimsiú a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí ceoil, mar shampla san **oideachas ceoil**. Déanfar sin i gcomhar le comhpháirtithe i ngach réimse ceoil.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe chun tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí thar raon iomlán na gcleachtas ceoil (gach seánra, stíl, scála agus suíomh) a chuimsíonn dreamanna a fhreastalaíonn ar raon de luchtanna féachána éagsúla. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thioctadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Ceoltóirí** agus **cumadóirí** atá ag iarraidh ama chun machnaimh nó chun saothair a chruthú nó deiseanna forbairt gairme a thapú, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach, meantóireacht, máistir-ranganna, ceardlanna agus soláthar eolais i dtaobh gairmeacha;

Daoine a bhfuil pleananna acu le haghaidh **ensemble** nua mionscála nó meánscála;

Daoine atá i gceannas nó ina mbaill de **ensemble** cheana agus a bhfuil sé beartaithe acu a gcuid oibre a neartú agus a fhorbairt;

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí**

**acmhainne** a thacaíonn leis an gceol, agus:

- dreamanna a bhfuil ról shainiúla acu maidir le tacaí riachtanacha a sholáthar a éascaíonn cleachtadh an cheoil i ngach réimse ceoil;
- dreamanna atá ag iarraidh an soláthar eolais maidir le deiseanna forbairt gairme a fheabhsú ar mhaithe le hoifidigh agus cumadóirí.

Daoine ar mian leo saothar ceoil a choimisiúnú;



Daoine a oibríonn le **féile nó le hionad tionóil a chuireann ceol i láthair** agus:

- a chuireann le raon na gcoirmeacha/léirithe ceoil atá ar fáil;
- a thairgeann cláir cheoil d'ardchaighdeán ar bhonn leanúnach;
- a chabhraíonn le luchtanna éisteachta le haghaidh an cheoil a fhorbairt agus a bhuanú;
- a d'fhéadfadh cabhrú le próifíl an cheoil a fheabhsú in ionaid tionóil agus le linn féilte nach ndéanann speisialtóireacht den cheol.

**Daoine a bhfuil smaoinemh acu le haghaidh thionscadal cheoil**, go háirithe:

- tionscadal taifeadta nó foilsitheoireachta;
- tionscadail nua chónaitheachta i gcomhair *ensembles*, go háirithe iad siúd a reáchtáilfear i gcomhpháirt le húdarais áitiúla agus páirtithe eile de réir mar is cuí.

**Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le camchuirteanna ceoil** a d'fhéadfadh cur le líon na n-ionad tionóil agus raon níos leithne de cheol ardchaighdeán a chur ar fáil agus méadú ar líon na ndeiseanna fostaíochta le haghaidh lucht ceoil gairmiúil agus freastal ar lucht éisteachta níos leithne.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh cheoil, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnaimh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- plé le beartas náisiúnta agus easnaimh bhonneagair a mbíonn tionchar acu ar an gceol a aimsiú; a bheith chun tosaigh ag cur

freagraí ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí agus le daoine i ngach réimse ceoil; an timpeallacht cheoil chomhaimseartha a fhorbairt i bhfianaise thorthaí an Contemporary Music Review;

- Riachtanais na gceolfhoirne náisiúnta a fhiosrú agus freagraí cuí a fhorbairt. Ceisteanna éagsúla a fhiosrú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ceolfhoirne sna réigiúin agus féidearthacht ceoldráma/bailé/ceolfhoireann don téatar ceoil;
- Anailís ar bhuanna agus ar riachtanais cheoil na bpobal nua in Éirinn;
- Seó-thaispeántas náisiúnta ceoil nó aonach ceoil a fhorbairt a chabhróidh leis an gceol Éireannach a chur chun cinn ar bhonn gairmiúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Féachaint cé chomh hindéanta is a bheadh sé lá náisiúnta ceoil a reáchtáil, i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirteacha;
- Tacú le húdarais áitiúla agus le páirtithe eile cláir cheoil a fhorbairt agus raon gníomhaíochtaí a sholáthar don phobal uile.

### Abhcóideacht:

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- An staidéar dar teideal *A National System of Local Music Education Services* a chur i ngníomh go hiomlán;
- Ionad tionóil meánscála ar leith i gcomhair ceolchoirmeacha i mBaile Átha Cliath.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an gceol le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Theatre

## GOALS

Affirm and promote the value of theatre in society

Assist theatre artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of theatre

Strengthen theatre and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable theatre community

Ensure the Arts Council works effectively to support theatre

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the theatre community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: improvements in the **living and working conditions** of professionals in a theatre system where almost everybody works on a freelance basis; a new **theatre touring** system that has the confidence of companies, venues and audiences; improved **training and professional development** opportunities for theatre practitioners; funding supports with greater sensitivity to the range of **ways in which contemporary theatre is made** and presented.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes to support artists and arts organisations across the spectrum of genres, styles, scales and settings, and across those serving a diversity of audiences;

As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are working in or with a **theatre production company:**

- committed to and with the capacity to produce high-quality theatre;
- that aims to develop audiences, both through extending its existing audience base and enhancing audience engagement and enjoyment;
- committed to good employment practices and working conditions, and training and professional development, especially for mid-career personnel;
- that is open to partnership (with other theatre, arts or non-arts organisations).

You are working in or with a **festival or a venue:**

- that offers high-quality experiences of theatre (whether theatre alone or as part of a multi-disciplinary programme);
- that plays a key role in creating a vibrant and diverse theatre community;
- that offers a welcoming venue, good quality theatre and good marketing.

You are working in or with a **resource organisation** that supports theatre, whether through:

- supports to professional theatre practice;
- supports to amateur and voluntary theatre practice, in particular through offering opportunities for increased interaction between professional practitioners and the youth and amateur sector.

You are an individual **theatre artist** who wishes to avail of opportunities for training, mentoring and other professional development.

You have an idea for a **theatre project**, especially those:

- based on innovative or experimental work by emerging or established individuals or groups;
- based on productions (of both existing and new repertoire) by promising emerging practitioners or companies;
- from youth theatre companies across the range of their work.

You have proposals for **touring** that would extend the life of theatre productions, provide venues with a range of high-quality theatre, increase employment opportunities for theatre professionals and serve a wider audience.

## Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in theatre, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Improve information and communication systems among the theatre community, in particular, in relation to international opportunities for training and professional development, exchanges and other involvements;
- Create a programme to assist with mentor relationships;
- Facilitate theatre organisations to build their marketing expertise, including audience research and development;
- Improve our evaluation and assessment criteria and procedures, in consultation with the theatre community;
- Prepare, in partnership with the theatre community and other appropriate organisations, a policy and action plan for (a) theatre in the Irish language and for (b) participatory theatre.
- Develop improved criteria and codes of practice for the funding of theatre organisations to improve the living and working conditions of theatre professionals, and to address the resource implications of how certain theatre work is made (by recognising, for example, the need for extended rehearsal time for new and devised work).

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- Improved professional training of theatre practitioners;
- Improvements in tax regulations and other related protocols to take account of employment patterns in theatre;
- Adequate provision of appropriate studio/rehearsal spaces;
- Additional theatre venue space in Dublin city centre; in particular of a 400+ seat venue, a 200-seat and a 100-seat space, for local productions and inward touring;
- Improved support for youth theatre from other agencies local and national;
- The granting of performing rights for the Republic of Ireland autonomously from the UK.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website **[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**. Information on other actions relevant to theatre can be found elsewhere in this document.



# Téatar

## CUSPÓIRÍ

Luach an téatair sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí téatair a n-uaimhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh den téatar ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí téatair agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal téatair bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú le téatar

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht téatair agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **dálaí oibre agus maireachtála** oibrithe gairmiúla téatair a fheabhsú, réimse ina mbíonn formhór mór na ndaoine ag obair mar shaor-oibrithe; **córas nua le haghaidh camchuirteanna téatair** a bhfuil muintín ag compántais, ionaid tionóil agus luchtanna féachana ann; **deiseanna traenála agus forbairt gairme ar son lucht téatair** a fheabhsú; tacaíocht mhaoinithe a sholáthar atá níos oiriúnaí **do na slite ina gcruthaítear agus a léirítear saothair chomhaimseartha théatair.**

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe chun tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí thar raon iomlán na seánraí, stíleanna, scálaí agus suíomhanna a chuimsíonn dreamanna a fhreastalaíonn ar raon de luchtanna féachána éagsúla. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocthadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine atá ag obair le **compántais léiriúcháin téatair:**

- atá tiomanta do théatar ardchaighdeáin a chur ar fáil, agus a bhfuil sé de chumas acu sin a dhéanamh;
- a bhfuil sé d'aidhm acu luchtanna féachana a fhorbairt, de thoradh ar an lucht féachana atá acu cheana a leathnú agus de thoradh ar chumarsáid fheabhsaithe leis an lucht féachana;
- atá tiomanta do dhea-chleachtas fhostaíochta agus dea-dhálaí oibre, don traenáil agus forbairt gairme, go háirithe do bhaill fhoirne atá i lár a réime;
- atá toilteanach saothrú i gcompháirt (le heagraíochtaí eile téatair, ealaíne nó neamhealaíne).

Daoine atá ag obair le **féile nó le hionad tionóil:**

- a ligeann do dhaoine téatar ardchaighdeáin
- a bhlaiseadh (mar pháirt de chlár ildisciplíneach nó mar pháirt de chlár atá

tugtha suas don téatar amháin)

- a mbíonn ról lárnach acu maidir le pobail téatair bríomhar, ilchineálach a chruthú.
- a chuireann ionad tionóil fáilteach ar fáil, téatar ardchaighdeáin agus dea-mhargaíocht.

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí**

**acmhainne** a thacaíonn leis an téatar, trí:

- tacú le cleachtas gairmiúil téatair;
- tacú leis an téatar mar chleachtas amaitéireach nó deonach, go háirithe trí dheiseanna a sholáthar le haghaidh tuilleadh idirghníomhaíochtaí i measc cleachtóirí gairmiúla agus daoine san earnáil ógra agus amaitéireach.

**Ealaíontóirí téatair** atá ag iarraidh leas a bhaint as deiseanna traenála, meantóireachta agus deiseanna eile forbairt gairme;

Daoine a bhfuil smaointeamh acu le haghaidh

**thionscadal téatair**, go háirithe iad sin:

- atá bunaithe ar shaothar nuálaíoch nó trialach le daoine nó le grúpaí aitheanta nó atá ag teacht chun cinn;
- atá bunaithe ar léiriúcháin (idir shaothair nua agus shaothair repertoire) le cleachtóirí nó compántais a bhfuil gealladh fúthu;
- compántais téatair óige thar raon iomlán a gcuid oibre.

**Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le**

**camchuirteanna** a d'fhéadfadh ré an léiriúcháin téatair a fhadú, cabhrú le hionaid tionóil raon de théatar ardchaighdeáin a chur ar fáil, cur le deiseanna fostaíochta do lucht téatair gairmiúil agus freastal ar lucht féachana níos leithne (trí dhea-shaothair théatair a chur ar fáil, mar aon le hionaid fháilteachta agus dea-mhargaíocht).

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh théatair, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- córais eolais agus chumarsáide a fheabhsú, go háirithe córais eolais i dtaobh deiseanna idirnáisiúnta le haghaidh traenála agus forbairt gairme, socruithe malairte agus páirtíochtaí eile;
- Clár a chruthú chun cabhrú le caidrimh mheantóireachta;
- Cabhrú le heagraíochtaí téatair a gcumas margaiochta a fhorbairt, lena n-áirítear taighde agus forbairt ar luchtanna féachana;
- Ár gcritéir agus ár ngnáthaimh mheastóireachta agus mheasúnaithe a fheabhsú, i gcomhairle le lucht téatair;
- Beartas agus plean gníomhaíochta a ullmhú, i gcomhpháirt le lucht téatair agus eagraíochtaí eile cuí, i gcomhair (a) an téatair Ghaeilge agus (b) an téatair rannpháirtigh;
- Critéir agus cóid chleachtas fheabhsaithe a fhorbairt maidir le maoiniú eagraíochtaí téatair ar shlí a bhfeabhsóidh dálaí oibre agus maireachtála oibríthe gairmiúla téatair agus a rachaidh i ngleic le ciallachais acmhainní a bhaineann leis na slite ina gcruthaítear saothair áirithe (trína aithint, mar shampla, go dteastaíonn tuilleadh ama le haghaidh réamhchleachtaí i gcás saothar nua agus saothar seiftithe).

### Abhcóideacht:

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Traenáil ghairmiúil fheabhsaithe a sholáthar do lucht téatair;
- Rialúcháin chánach agus prótacail ghaolmhara eile a leasú i bhfianaise phatrúin fostaíochta sa téatar;
- Dóthain spásanna stiúideo / réamhchleachta a chur ar fáil;
- Tuilleadh spáis a sholáthar in ionaid tionóil i lár Bhaile Átha Cliath; lena n-áirítear ionad tionóil 400+ suíochán, spásanna eile ina mbeadh 200 agus 100 suíochán faoi seach, le haghaidh léiriúcháin áitiúil agus camchuirteanna;
- Tacaíocht níos fearr don téatar ógra ó ghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta;
- Cearta léirithe ar leith a chur ar fáil do Phoblacht Éireann, neamhspleách ar an Ríocht Aontaithe.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis an téatar le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.





# Visual Arts

## GOALS

Affirm and promote the value of the visual arts in society

Assist visual artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the visual arts

Strengthen visual arts and other arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable visual arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the visual arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the visual arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need for: better provision of **studio spaces for artists**; a new system of **touring high-quality exhibitions**; best practice in **critical writing** through a publications scheme; a new curatorial approach to **purchasing for the Arts Council collection**; and more effective ways to **enhance the critical context for collecting contemporary art**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008, we will establish – on a phased basis – new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help us in achieving our goals.

*This may be of interest to you, if:*

You are a **visual artist**, who wishes to take time to reflect and to make work.

You create or contribute to the creation of **publications in the visual arts**, especially if you are committed to high-quality critical writing.

You are working in or with a **resource organisation** that supports the visual arts, and:

- offers facilities, information, advice and other services to visual artists working across the range of visual arts media;
- provides important artist studio facilities.

You are working in or with a **venue or festival** that presents the visual arts (for example, a gallery, an arts centre or a festival – whether visual art-specific or multi-disciplinary), which:

- provides, or has ambitions to provide, the full range of services needed to mount exhibitions of the highest quality;
- offers consistent high-quality visual arts programming and contributes to developing and sustaining audiences for the visual arts;
- has proposals and ideas for imaginative and ambitious exhibition projects;
- is multi-disciplinary and has proposals for

the engagement of specialist curatorial expertise, including collaborative proposals for shared curatorial services.

You have ideas for **touring visual art**:

- based on a collaborative approach, for example if you are part of, or could form, a collective of galleries or local authorities, or both;
- which could showcase and build audiences for the highest quality exhibitions.

You have an ideas for a **visual art project**, which might:

- contribute to the diversity of visual arts practice;
- provide opportunities for individual visual artists to work collaboratively, either with other visual artists or with artists of other disciplines;
- support critical writing in the visual arts.

### Initiatives

Over the next three years – 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in the visual arts, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Carry out an audit of studio spaces and investigate, with partners, ways of providing significant capital funding for the development of studio spaces;
- Encourage the development of a forum for directors and curators;
- Set a better critical context for collecting;
- Resume purchasing work for the Arts Council collection, using a curatorial approach, based on supporting artists and complementing market trends.

### Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- Enhanced provision of the visual arts at local level, in collaboration with local authorities and other partners;
- New opportunities to be identified for fine art graduates, through discussions with and between third-level art colleges.

### Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals*

*2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to visual arts can be found elsewhere in this document.

# Na Físealaíona

## CUSPÓIRÍ

Luach na bhfísealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le físealaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na físealaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí físealaíon agus eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal físealaíon bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na físealaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na bhfísealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: soláthar **spásanna stiúideo d'ealaíontóirí** a fheabhsú; **córas nua camchuarite le haghaidh** taispeántais d'ardchaighdeán; scéim foilseachán a thosú chun dea-chleachtas a chothú sa **scríbhneoireacht chriticiúil**; cur chuige nua feighlíoch maidir le **saothair a cheannach le haghaidh bhailiúchán na Comhairle Ealaíon**; bealaí níos éifeachtaí chun **an comhthéacs criticiúil ina mbailítear saothair ealaíne comhaimseartha a fheabhsú**.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Físealaíontóirí** atá ag iarraidh ama chun machnaimh agus saothair a chruthú; Daoine a chuidíonn le **foilseacháin sna físealaíona** a chruthú, go háirithe iad siúd atá tiomanta don scríbhneoireacht chriticiúil ardchaighdeán;

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí acmhainne** a thacaíonn leis na físealaíona, agus:

- a thairgeann saoráidí, eolas, comhairle agus seirbhísí d'físealaíontóirí a shaothraíonn i ngach réimse de na meáin físealaíne;
- a sholáthraíonn saoráidí stiúideo tábhachtacha d'ealaíontóirí.

**Daoine a oibríonn le hionad tionóil nó le féile a thacaíonn leis na físealaíona** (mar shampla dánlanna, ionaid ealaíne nó féilte bíodh siad ildisciplíneach nó tugtha suas do na físealaíona amháin) agus:

- a chuireann raon iomlán seirbhísí ar fáil chun taispeántais sárchaighdeán a chur ar siúl, nó a bhfuil sé de rún acu a leithéid a dhéanamh;
- a thairgeann cláir ardchaighdeán sna físealaíona ar bhonn leanúnach agus a chabhraíonn le luchtanna féachana a fhorbairt agus a bhuanú le haghaidh na bhfísealaíon;

- o daoine a bhfuil moltaí agus smaointe acu le haghaidh thionscadail taispeántais atá samhlaíoch, uailmhianach;
- o dreamanna ildisciplíneacha a bhfuil moltaí acu le haghaidh saineolaithe feighlíochta a fhostú, lena n-áirítear tograí comhoibre a roinnfeadh seirbhísí feighlíochta.

Daoine a bhfuil smaointe acu le haghaidh **saothair fhísealaíne a thabhairt ar camchuairt:**

- o atá bunaithe ar chur chuige comhoibre, mar shampla, a bheith páirteach i meitheal de dhánlanna nó meitheal d'údaráis áitiúla, nó an dá rud;
- o a d'fhéadfadh luchtanna féachana a fhorbairt le haghaidh thaispeántais sárchaighdeáin.

**Daoine a bhfuil smaointe acu le haghaidh tionscadail sna físealaíona a d'fhéadfadh:**

- o cur le héagsúlacht i gcleachtadh na bhfísealaíon;
- o deiseanna a sholáthar d'fhísealaíontóirí aonair saothrú i bpáirt le físealaíontóirí eile nó le healaíontóirí a chleachtann disciplíní eile;
- o tacú leis an scríbhneoireacht chriticiúil sna físealaíona.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008, beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh sna físealaíona, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Iniúchadh a dhéanamh ar na spásanna

stiúideo agus, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, slite a fhiosrú chun maoiniú suntasach caipitiúil a chur ar fáil le haghaidh spás stiúideo a fhorbairt;

- Daoine a spreagadh chun fóram stiúrthóirí agus feighlithe a fhorbairt;
- An comhthéacs criticiúil ina mbailítear saothair ealaíne a fheabhsú;
- Tosú arís ar shaothair a cheannach le haghaidh bhailiúchán na Comhairle, ag baint úsáide as cur chuige feighlíoch a bheidh bunaithe ar thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí de réir threochtaí an mhargaidh.

### Abhcóideacht:

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Soláthar níos fearr le haghaidh na bhfísealaíon ar leibhéal áitiúil, i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla agus comhpháirtithe eile;
- Deiseanna nua a aimsiú le haghaidh céimithe sna mínealaíona, de thoradh ar chomhphléite le agus idir coláistí ealaíne tríú leibhéal.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis na físealaíona le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.



# Group Two/Grúpa a Dó

# Festivals and Events

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority actions that are needed to support the pivotal role of festivals and events within this partnership. These are to: **identify, create and sustain key partnerships to strengthen the profile of festivals;** to **acknowledge and support the vital contribution of volunteers** to festivals and events; and to advocate for a **better regulatory environment** on areas of specific concern, including VAT on non-resident artists, health and safety and insurance.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You work in or with an **arts festival**, whether it is based in one **artform** or is **multi-disciplinary**, that:

- makes a critical contribution to innovative arts practice and provides sustained arts experiences for a large and diverse audience;
- can assist artists in developing their practice within a specific artform and requires support to develop the artistic and financial resources to respond positively to artists' needs;
- has as its primary objective celebrating the arts within the context of a local community;
- is a specialist festival committed to interpreting the arts in new and challenging ways and to developing audiences for this work.

You promote or organise an **arts event or series of events** that make a distinctive contribution to the range of high-quality arts programming available at national or local level.



## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support festivals and events, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Devise a programme that supports volunteers in sustaining the vital contribution they make to festivals;
- Establish new ways of evaluating the artistic contribution of multi-disciplinary festivals, so that we can acknowledge and reward achievement in support for artists, the building of audiences and in good curatorial practice;
- Create and improve key working partnerships to help strengthen the profile of festivals and to develop the socio-economic base of emergent festivals and events. We will be particularly interested in working with local authorities and bodies such as Fáilte Ireland, Foras na Gaeilge, Culture Ireland and Leader.

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for areas of specific concern for festivals, including VAT on non-resident artists' fees, health and safety and insurance issues.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to festivals and events can be found elsewhere in this document.

# Féilte agus Imeachtaí

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo d'fhonn tacú le ról lárnach na bhféilte agus imeachtaí laistigh den chomhpháirtíocht seo. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **próifíl na bhféilte a neartú trí eochair-pháirtíochtaí a aimsiú, a chruthú agus a chothú; aitheantas a thabhairt don ról riachtanach a imríonn oibrithe deonacha** le féilte agus imeachtaí; abhcóideacht ar son **cúrsaí rialúcháin a fheabhsú** chomh fada is a bhaineann le ceisteanna ar nós CBL a bheith le hóc ar ealaíontóirí nach gcónaíonn in Éirinn, sláinte agus sábháilteacht agus árachas.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dt trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe chun tacú le raon na bhféilte agus imeachtaí le cuspóirí agus saindualgais dhifriúla. Cuirfear san áireamh, sna cláir mhaoinithe seo, go mbíonn saolré ar leith ag féilte, cuid acu ag teacht ar an bhfód is ag forbairt, cuid eile acu ag céimeanna éagsúla fáis agus atá le daingniú. I gcás féilte eile caithfear plé a dhéanamh chun deireadh a chur leis an gcaidreamh maoinithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine atá ag obair le **hionad tionóil** nó le féile atá **ildisciplíneach** nó atá bunaithe **ar fhoirm ealaíne amháin** agus:

- o atá riachtanach maidir le cleachtais ealaíne nuálaíocha agus a ligeann do lucht féachana mór, ilchineálach blaiseadh de na healaíona ar bhonn leanúnach.
- o a d'fhéadfadh cabhrú le healaíontóirí a gcleachtais laistigh d'fhoirm ealaíne ar leith a forbairt agus atá ag iarraidh tacaíochta chun acmhainní ealaíne agus airgeadais a forbairt chun freastal ar riachtanais ealaíontóirí;
- o a bhfuil sé de phríomhcuspóir acu na healaíona a cheiliúradh i gcomhthéacs pobail áitiúil;
- o féilte speisialtóireachta atá tiomanta do na healaíona a léirmhíniú ar shlite nua dúshlánacha agus luchtanna féachana le

haghaidh na saothar sin a fhorbairt  
 Daoine a thionscnaíonn nó a eagraíonn  
**imeacht nó sraith d'imeachtaí ealaíne** a  
 chuireann ar shlí shainiúil le raon na gclár  
 ealaíne ardchaighdeáin atá le fáil go  
 náisiúnta nó go háitiúil

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn -  
 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt  
 faoi thionscnaimh chun tacú le féilte agus  
 imeachtaí, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine  
 agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu  
 agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse  
 seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun  
 na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar  
 aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun  
 plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn  
 chun:

- Clár a cheapadh a thacaíonn le hoibrithe  
 deonacha leanúint den ról riachtanach a  
 imríonn siad maidir le féilte agus a mbonn  
 eacnamaíoch agus sóisialta;
- Slite nua a cheapadh chun cion ealaíne na  
 bhféilte ildisciplíneacha a mheasúnú, sa  
 chaoi is go mbeimid in ann aitheantas agus  
 cúiteamh a thabhairt dá ndea-obair maidir le  
 tacaíocht a sholáthar d'ealaíontóirí,  
 luchtanna féachana a fhorbairt agus dea-  
 chleachtais feighlíochta a úsáid.
- Eochair-pháirtíochtaí oibre a chruthú agus a  
 fheabhsú d'fhonn próifíl na bhféilte a neartú  
 agus bonn socheacnamaíoch féilte agus  
 imeachtaí nua a fhorbairt. Beidh spéis ar  
 leith ag an gComhairle saothrú i gcomhar  
 leis na húdaráis áitiúla agus comhlachtaí eile,  
 mar shampla Fáilte Ireland, Foras na Gaeilge,  
 Culture Ireland agus Leader.

### Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn  
 beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i  
 gcomhar linn inár n-abhcóideacht maidir leis na  
 ceisteanna a bhíonn ag déanamh scime do  
 lucht na bhféilte, mar shampla CBL ar tháillí  
 ealaíontóirí nach gcónaíonn in Éirinn, cúrsaí  
 sláinte is sábháilteachta agus árachais.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon,  
 Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a  
 fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar  
 ár suíomh gréasáin **[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**. Tá  
 eolas faoi bhearta eile a bhaineann le féilte  
 agus imeachtaí le fáil in ailt eile sa doiciméad  
 seo.

# Production Companies

## Goals

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority actions that are needed to support the vital and distinct roles of performing arts production companies and publishers within this partnership. These are: the need to develop **more flexible ways of supporting productions**; the need for a funding system that responds to **producing organisations** of various kinds (including collectives of artists, resource organisations, venues and festivals) and recognises **new models of producing work**; the need to ensure that artists have **fair working conditions and reasonable remuneration**; the need to **improve distribution systems for publishers**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You work in or with a **performing arts production company**, across the spectrum of artistic practice (genres, styles, scales and settings) within each artform and across those serving a diversity of audiences.

You have ideas about **pooling resources with other companies**, for example shared administration/rehearsal/storage spaces.

You are committed to fair **working conditions** and reasonable remuneration for performing artists.

You are a **publisher**, with ideas for co-ordinated marketing and distribution initiatives and who is committed to fair working conditions and reasonable remuneration for writers.

## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support publishers and performing arts production companies based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress in designing these we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Create improved support for **performing arts production companies** through
  - moving away from annual funding to mechanisms that are more responsive to the needs of production companies and enable them to plan beyond a single year;
  - recognising and encouraging new and flexible ways of making work, for example, through offering incentives for co-productions/residencies/associate companies; recognising the portfolio of models that may be used, even by the same ensemble, (for example the existence of small, core groups that may wish to augment their membership for particular projects);
  - devising a suite of touring incentives;
  - devising better ways of evaluating artistic quality and establish processes for dealing with production companies that have lost their artistic edge.
- Create improved support for **publishers** through
  - supporting the development of a re-supply model for bookshops and a print-on-demand system;
  - encouraging better succession management by linking funding to improved staffing structures.

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for

- The needs of performing arts organisations on issues such as taxation;
- Schools to buy contemporary Irish writing and increase the supply of Irish books in English and Irish to school libraries, through strategic relationships with key partners, including local authorities, the Department of Education and Science, and Comhar na Múinteoirí Gaeilge and other teachers' associations.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to production companies can be found elsewhere in this document.

# Compántais Léiriúcháin

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun tacú leis na ról riachtanacha sainiúla a bhíonn ag foilsitheoirí agus compántais léiriúcháin taibhealaíne laistigh den chomhpháirtíocht seo. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **slite níos solúbtha a fhorbairt chun tacú le léiriúcháin**; an gá atá le córas maoinithe a fhorbairt a fhreastalaíonn ar **eagraíochtaí léiriúcháin** de chineálacha éagsúla (lena n-áirítear meithle ealaíontóirí, eagraíochtaí acmhainne, ionaid tionóil agus féilte) agus a chuireann san áireamh **samhlacha nua a úsáidtear chun saothar a chruthú**; an gá le deimhin a dhéanamh de go mbíonn **dálaí oibre cothroma agus cúiteamh** réasúnta ar fáil d'ealaíontóirí; an gá le **córais dáileacháin a fheabhsú ar son foilsitheoirí**.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine a oibríonn le **compántas léiriúcháin taibhealaíne** thar an raon iomlán de chleachtas ealaíne (seánraí, stíleanna, scálaí agus suíomhanna) laistigh de gach foirm ealaíne agus ag cuimsiú dreamanna a fhreastalaíonn ar raon de luchtanna féachána éagsúla.

Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le **hacmhainní a roinnt le compántais eile**, mar shampla spásanna riaracháin/réamhchleachta/stórais.

Daoine atá tiomanta do **dhálaí oibre** cothroma agus cúiteamh réasúnta a chur ar fáil do thaibhealaíontóirí.

**Foilsitheoirí** a bhfuil smaointe acu le haghaidh thionscnaimh chomhordaithe mhargaíochta agus dáileacháin agus atá tiomanta do dhálaí cothroma oibre agus cúiteamh réasúnta do scríbhneoirí.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh chun tacú le foilsitheoirí agus compántais léiriúcháin taibhealaíne, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo.

De réir mar a théimid dul chun cinn i ndearadh na dtionscnamh sin, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Feabhas a chur ar ár dtacaíocht do chompántais léiriúcháin taibhealaíne trí
  - éirí as maoiniú bliantúil agus dul i dtreo meicníochtaí atá níos oiriúnaí do riachtanais na gcompántas léiriúcháin agus a chuirfidh ar a gcumas pleanáil ar feadh tréimhsí is faide ná bliain amháin;
  - aitheantas a thabhairt do shlite nua solúbtha chun saothar a chruthú, mar shampla trí dhreasachtaí a thairiscint le haghaidh comhléiriúcháin/cónaitheachtaí/compántas comhlachais; aitheantas a thabhairt do na samhlacha a d'fhéadfaí a úsáid, fiú amháin laistigh d'aon *ensemble* amháin (mar shampla grúpaí beaga a bheadh ag iarraidh cur le líon na mball ar mhaithe le tionscadail ar leith)
  - tacar dreasachtaí camchuirte a cheapadh;
  - slite níos fearr a cheapadh chun caighdeán ealaíne a mheasúnú agus próisis a chur ar bun chun déileáil le compántais léiriúcháin a bhfuil meath tagtha ar a mbuanna cruthaitheacha.

- Tacaíocht níos fearr a chruthú d'fhoilsitheoirí trí
  - tacú le samhail athsholáthair a fhorbairt ar son siopaí leabhar, chomh maith le córas priontáil de réir éilimh;
  - feabhas a chur ar bhainistíocht comharbais trí nasc a chruthú idir maoiniú agus feabhsú struchtúir fhoirne.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son

- riachtanais na n-eagraíochtaí taibhealaíne i dtaca le cánachas agus ceisteanna eile;
- le go gceannóidh scoileanna saothair le scríbhneoirí comhaimseartha Éireannacha agus le go méadófar ar an soláthar leabhar i mBéarla agus i nGaeilge le leabharlanna scoile, trí chaidrimh straitéiseacha le comhpháirtithe lárnacha, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Comhar na Múinteoirí Gaeilge agus cumann na múinteoirí.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann le compántais léiriúcháin le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Resource Organisations

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority actions that are needed to support the central role of resource organisations within this partnership. These are: the need to secure a high-quality **network of resource organisations across the different art forms and areas of arts practice**; the need to identify and fund a number of key specialist organisations to **devise and implement appropriate supports for communities we are not in a position to fund directly**; the need to address **studio and workspace provision for artists** working in all disciplines; the need to work with the Arts Council of Northern Ireland on how best to fund and support **organisations working in an all-island or cross-border context**; the need to develop **a shared agenda for advocacy with resource organisations**, based on their detailed understanding of needs in their specialist areas; and the need to provide a **web-based national arts information resource** to co-ordinate and pool information for the benefit of the arts community.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You work in or with an **artists' support organisation** that successfully represents the needs and concerns of artists.

You work in or with a **resource organisation that undertakes 'grass roots' development** in the different artforms and areas of arts practice.

You work in or with a high-quality **facility or equipment-based organisation for artists**, and which requires small-scale capital investment to maintain standards.

You have ideas that would support improved **links and networks between national specialist organisations and existing local resources** such as local authority arts offices and local arts venues.

You work in or with a **specialist support organisation** that provides high-quality services and programmes to relevant communities that are important for creating and maintaining a vibrant arts community, but that we are not in a position to fund directly.



## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support resource organisations, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Establish a support programme, with partners, to provide for artists' studios and workspace in all disciplines. This may include major capital investment;
- Work towards co-ordinating and pooling information with the aim of developing a web-based national arts information resource for the benefit of the arts community;
- Develop a training and professional development initiative in support of executive and board members of resource organisations;
- Develop, with the Arts Council of Northern Ireland, a clear approach on how best to fund and support organisations working in an all-island or cross-border context.

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in designing an advocacy programme based on a shared agenda for action with resource organisations, addressing issues that are identified through their detailed knowledge of the needs of artists and of the arts.

We will also be seeking to work in partnership with others committed to and involved in archiving towards a national policy on recording and preserving arts practice.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to resource organisations can be found elsewhere in this document.

# Eagraíochtaí Acmhainne

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo d'fhonn tacú le ról lárnach na n-eagraíochtaí acmhainne laistigh den chomhpháirtíocht seo. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **gréasán eagraíochtaí a fhorbairt a chlúdóidh na foirmeacha ealaíne agus na cleachtais ealaíne éagsúla** agus a bheidh socair, sármhaith; roinnt eochair-eagraíochtaí speisialtóireachta a aithint agus a mhaoiniú a dhéanfaidh **tacaí oiriúnacha a cheapadh agus a chur ar fáil ar son pobal nach féidir linne maoiniú díreach a thabhairt dóibh**; dul i ngleic le **spásanna stiúideo agus oibre a sholáthar d'ealaíontóirí** i ngach disciplín, comhoibriú le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann ar conas ab fhearr **eagraíochtaí a oibríonn i gcomhthéacs uile-Éireann nó trasteorann** a mhaoiniú i bhfianaise a dtuisceana cuimsithí féin ar na riachtanais ina réimsí speisialtóireachta féin; **acmhainn eolais náisiúnta i dtaobh na n-ealaíon a bheidh gréasán-bhunaithe** agus a chomhordóidh agus a roinnfidh eolas ar shlí a rachaidh chun sochair do lucht na n-ealaíon.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí tacaíochta ealaíontóirí** a dhéanann ionadaíocht éifeachtach maidir le riachtanais ealaíontóirí agus ceisteanna a bhaineann leo.

Daoine a oibríonn le **heagraíocht acmhainne a mbíonn forbairt 'ón mbonn aníos' ar siúl acu** sna foirmeacha ealaíne éagsúla agus i réimsí éagsúla de chleachtadh na n-ealaíon.

Daoine a oibríonn le heagraíocht a chuireann **saoráidí nó trealamh ardchaighdeáin ar fáil d'ealaíontóirí** agus a dteastaíonn infheistíocht chaipitiúil mhionscála uathu chun caighdeáin a choimeád.

Daoine a bhfuil smaointe acu maidir le feabhas a chur ar **naisc agus gréasáin idir eagraíochtaí speisialtóireachta náisiúnta agus acmhainní áitiúla atá an cheana**, mar shampla oifigí ealaíne sna húdaráis áitiúla agus ionaid tionóil ealaíne áitiúla.

Daoine a oibríonn le **heagraíochtaí tacaíochta speisialtóireachta** a sholáthraíonn seirbhísí agus cláir ardchaighdeáin do phobail atá riachtanach chun pobal ealaíne bríomhar a chruthú agus a bhuanú, ach nach féidir linn maoiniú díreach a thabhairt dóibh.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn, beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh chun tacú le heagraíochtaí acmhainne, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- clár tacaíochta a chur ar bun i gcomhar le comhpháirtithe chun stiúideo agus spás oibre d'ealaíontóirí a chur ar fáil le haghaidh gach disciplíne. Is féidir go dteastóidh mór-infheistíocht chuige sin;
- saothrú chun eolas a chomhordú agus a roinnt d'fhonn acmhainn eolais náisiúnta gréasán-bhunaithe a fhorbairt a rachaidh chun sochair do lucht na n-ealaíon;
- tionscnamh traenála agus forbairt gairme a fhorbairt chun tacú le feidhmeannaigh agus comhaltaí boird na n-eagraíochtaí acmhainne;
- cur chuige soiléir a fhorbairt i gcomhpháirt le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann ar conas ab fhearr maoiniú agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí a oibríonn i gcomhthéacs uile-Éireann nó trasteorann.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú linn ar chlár abhcóideachta a cheapadh a bheidh bunaithe ar chlár gníomhaíochta comhchoiteann idir na heagraíochtaí acmhainne agus a rachaidh i ngleic le ceisteanna a ardóidh siad i bhfianaise a mioneolais ar riachtanais na n-ealaíontóirí agus na n-ealaíon;

Beimid ag iarraidh saothrú i gcomhpháirt le páirtithe eile a bhfuil obair chartlainne ar siúl acu nó atá tiomanta dá leithéid i dtreo beartais náisiúnta um thairfeadadh agus chaomhnú chleachtais ealaíne.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin **[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**. Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann le heagraíochtaí acmhainne le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Venues

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority actions that are needed to support the crucial role of venues within this partnership. These are to: **stabilise the activities of those venues which are key to city and county arts development**; the need to develop a system that can **adequately resource venues and can facilitate their medium to long-term planning**; the need to **improve and maintain the physical fabric of venues** to provide better facilities for artists and public access to buildings.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might assist you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You operate a **key arts venue at county or city level**, and would benefit from a new 'stabilisation' programme, which will:

- include support for best practice in artistic policy, governance, management and operations;
- resource these key organisations to achieve their artistic vision and to engage fully with the artists and constituencies that they serve;
- offer funding over a period of years in order to facilitate medium-term to long-term planning and adequately resourced arts programming.

Your venue requires **small-scale capital resources** in order to improve the physical fabric of the buildings, to extend the range of the work of artists with whom you interact, to improve public access, and to provide information on audiences through database technology.

Your venue requires **programme support**, to offer high quality arts events and programmes.

## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support venues based on working closely with other Government bodies, individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress in designing these we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Acknowledge the contribution of venues to artform development, and find ways of evaluating their work which is relevant to art form practice;
- Actively encourage organisations to collaborate, co-produce and produce;
- Provide for audiences' needs by introducing an effective touring policy;
- Encourage best practice in relation to participatory and education policies;
- Initiate, with partners, national audience research to support the work of arts venues;
- Publish up-to-date 'minimum standards' guidelines, in partnership with relevant professional bodies, for existing arts buildings that require renewal;
- Provide a contact point for organisations that are planning arts buildings, in order to offer advice, options and alternatives; to examine the feasibility of their proposals in the context of overall regional planning for the arts; and to furnish an artistic and business planning perspective;
- Continue dialogue with the County and City Managers' Association and with local authority arts officers on the issue of 'buildings for the arts';
- Develop a new and comprehensive policy on building for the arts that prioritises the

development of artform-focused buildings that embrace studio, artist-led developments and exceptional art form spaces (across artforms), and promote partnership approaches to the development of these buildings that respond to artists' needs in local areas.

## Advocacy

Over the next three years we will be seeking partners to work with us in advocating for a targeted artform approach to capital development, to which funding partners, promoters, developers and the relevant Government departments can subscribe.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to venues can be found elsewhere in this document.

# Ionaid Tionóil

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo d'fhonn tacú le ról lárnach na n-ionad tionóil laistigh den chomhpháirtíocht seo. Tá gá leis na rudaí seo a leanas:

**gníomhaíochtaí na n-ionad tionóil sin atá barrthábhachtach maidir le forbairt na n-ealaíon i gcathracha agus i gcontaetha a chobhsú; córas a fhorbairt chun dóthain acmhainní a sholáthar do na heagraíochtaí seo agus a bpleanáil mheán agus fhadtéarmach a éascú; staid na bhfoirgneamh a fheabhsú agus a chaomhnú** chun go mbeidh saoráidí níos fearr ar fáil d'ealaíontóirí agus chun go mbeidh an pobal in ann na foirgnimh a úsáid.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

Daoine a réachtáileann **eochair-ionaid tionóil sna contaetha nó sna cathracha** agus a bhainfeadh leas as an gclár nua 'cobhsúcháin' a bhfuil sé d'aidhm aige

- o tacú le dea-chleachtas ó thaobh bheartas ealaíne, rialachais, bainistíocht agus oibríochtaí;
- o a chuirfidh acmhainní ar fáil do na heochair-eagraíochtaí sin chun go gcuirfidh siad a bhfis ealaíne i gcrích agus dul i gcaidreamh leis na healaíontóirí agus na pobail a mbíonn siad ag freastal orthu;
- o a thairgfídh maoiniú thar thréimhse roinnt blianta d'fhonn pleanáil mheán agus fhadtéarmach a éascú agus cláir ealaíne a sholáthar a bhfuil dóthain acmhainní taobh thiar díobh.

Ionaid tionóil a dteastaíonn **acmhainní mionscála chaipitil** uathu d'fhonn staid na bhfoirgneamh a fheabhsú, chun cur le raon oibre na n-ealaíontóirí a mbíonn siad ag plé leo, é a dhéanamh níos éasca don phobal na foirgnimh a úsáid agus leas a bhaint as bunachair sonraí chun eolas a sholáthar i dtaobh na luchtanna féachana.

Ionaid tionóil óna dteastaíonn **tacaíocht cláir** chuirfidh ar a gcumas do raon leathan d'ionaid tionóil ealaíne imeachtaí agus cláir ealaíne d'ardchaighdeán a thairiscint.

## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh chun tacú le hionaid tionóil, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid dul chun cinn i ndearadh na dtionscnamh sin, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- aitheantas a thabhairt do ról na n-ionad tionóil maidir le foirmeacha ealaíne a fhorbairt, agus slite a aimsiú chun an méid sin dá gcuid oibre a bhaineann le cleachtadh na bhfoirmeacha ealaíne éagsúla a mheasúnú;
- eagraíochtaí a spreagadh chun tabhairt faoi chomhobair, chomhléiriúcháin agus saothair a léiriú;
- freastal ar riachtanais na luchtanna féachana trí bheartas éifeachtach maidir le camchuariteanna a thabhairt isteach;
- dea-chleachtais a chothú maidir le beartais rannpháirteachais agus oideachais
- tús a chur, i gcomhar le comhpháirtithe, le taighde náisiúnta ar luchtanna féachana chun tacú le hobair na n-ionad tionóil ealaíne;
- i gcomhpháirt leis na comhlachtaí gairmiúla cuí, treoirlinnte tráthúla a fhoilsiú maidir le 'híoschaighdeáin' le haghaidh fhoirgnimh ealaíne atá ann cheana agus a gcaithfidh iad a athnuachan;
- pointe teagmhála a chur ar fáil le haghaidh eagraíochtaí a bhfuil foirgnimh ealaíne á bpleanáil acu, d'fhonn comhairle agus roghanna a sholáthar; indéantacht a gcuid tograí a fhiosrú i gcomhthéacs foriomlán na pleanála réigiúnaí ar son na

n-ealaíon; agus peirspictíocht ealaíne agus gnó a chur ar fáil;

- leanúint den dialóg le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus le hoifigigh ealaíne na n-údarás áitiúil maidir le 'foirgnimh i gcomhair na n-ealaíon'.
- beartas nua cuimsitheach a fhorbairt maidir le foirgnimh ealaíne, a thabharfaidh tús áite d'fhorbairt foirgneamh atá fócasaithe ar fhoirmeacha ealaíne ar leith agus a chuimsíonn stiúideonna, forbairtí atá á dtreorú ag ealaíontóirí agus spásanna eisceachtúla ar son foirmeacha ealaíne ar leith (thar raon iomlán na bhfoirmeacha ealaíne), agus a chothóidh cuir chuige chomhpháirteachais maidir le forbairt na bhfoirgneamh seo a fhreastalaíonn ar riachtanais na n-ealaíontóirí go háitiúil.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son cur chuige spriocaithe de réir fhoirm ealaíne i dtaca le forbairt chaipitiúil de, ar féidir le comhpháirtithe maoinithe, tionscnóirí, forbróirí agus na ranna rialtais ábhartha tacú leis.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann le hionaid tionóil le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.





# Group Three/Grúpa a Trí

# Arts & Disability

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community, those with a particular interest in arts and disability, and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are: the need to **build capacity in the arts and disability community** through direct support and through facilitating the establishment of **support networks**; the need to secure **specialist expertise** for our own work in this area; the need to disseminate **codes of good practice** to support the work of arts organisations; **maintain open dialogue** with the arts and disability community to ensure our work is relevant and effective.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are an **artist** working within disability arts practice.

You are an **artist with a disability** and you need to engage a personal assistant for a project, or need to purchase digital or other equipment or technology for artistic purposes.

You have an idea for an **artists' project** based in disability arts practice, or within the area of arts and disability.

You work in or with a **resource organisation** that offers information, advice and other services relevant to arts and disability practice.

You have a proposal for the **establishment of a mandated network** run by, and for, artists with disabilities, with a base in the Republic of Ireland.

You work in or with a **venue, festival or production company** relevant to the area of arts and disability.

You work in or with an organisation funded by the Arts Council and are committed to implementing **best practice standards** in providing for people with disabilities across the range of your work.

## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in the area of arts and disability, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Facilitate a variety of networks to represent and reflect the diversity of arts and disability practice, in partnership with funded organisations, where appropriate;
- Secure specialist expertise, to enable us to become disability competent and to assist us in implementing our policy;
- Implement best practice by providing, as far as possible, universal access to our premises, publications and procedures, and by undertaking disability equality training according to recognised standards;
- Maintain open dialogue with the arts and disability community to ensure that our policies continue to be relevant to current needs and changing circumstances;
- Update the *Arts and Disability Handbook*, 1999, in partnership with the Arts Council of Northern Ireland;
- Develop an Arts and Equality policy to ensure inclusion and equitable artistic and social engagement.

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for disability organisations, both statutory and voluntary, to support and recognise the value of the arts as appropriate to their ongoing work.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to arts and disability can be found elsewhere in this document.

# Na hEalaíona & Míchumas

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon, le daoine a bhfuil spéis ar leith acu sna healaíona agus míchumas, agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: **acmhainní a fhorbairt i measc na ndaoine a bhíonn ag plé leis na healaíona agus míchumas**, de thoradh ar thacaíocht dhíreach agus **gréasáin tacaíochta** a bhunú agus a éascú; **saineolas speisialtóireachta** a fháil ar mhaithe lenár gcuid oibre féin sa réimse seo; **cóid dea-chleachtais** a chraobhscaoileadh chun tacú le hobair na n-eagraíochtaí ealaíne; **dialóg oscailte a choimeád ar siúl** le lucht na n-ealaíon agus lucht míchumais chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn ár gcuid oibre éifeachtach ábhartha.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfidimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thioctadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

- **ealaíontóirí** a oibríonn laistigh de réimse na n-ealaíon agus míchumas;
- **ealaíontóirí míchumasaithe** a chaithfidh cúntóir pearsanta a fhostú i gcomhair tionscadail, nó trealamh nó teicneolaíocht dhigiteach nó eile a cheannach chun críche ealaíne;
- Daoine a bhfuil smaoinemh acu le haghaidh **thionscadal ealaíne** atá bunaithe ar chleachtadh na n-ealaíon agus míchumas, nó laistigh de réimse na n-ealaíon agus míchumas;
- Daoine a oibríonn le **heagraíocht acmhainne** a thairgeann eolas, comhairle agus seirbhísí eile a bhaineann le cleachtadh na n-ealaíon i measc daoine míchumasaithe;
- Daoine ag a bhfuil moltaí le haghaidh **gréasán sainordaithe a bhunú** a bheidh á reáchtáil ag, agus ar son, ealaíontóirí míchumasaithe, agus a mbeidh a cheanncheathrú i bPoblacht Éireann;
- Daoine a oibríonn le **hionad tionóil, féilte nó compántais léiriúcháin** a bhaineann le réimse na n-ealaíon agus míchumais;
- Daoine a oibríonn le heagraíocht a fhaigheann maoiniú ón gComhairle

Ealaíon atá atá tiomanta do **caighdeán dea-chleachtas** a chur i ngníomh ina raon oibre do dhaoine míchumasaithe.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh sna healaíona agus míchumas, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Roinnt gréasán a éascú a léireoidh éagsúlacht na ndreamanna a bhíonn ag plé leis na healaíona agus míchumas agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar a son. Déanfar sin i gcomhpháirt le heagraíochtaí maoinithe, de réir mar is cuí;
- Saineolas speisialtóireachta a fhostú chun go mbeimid lán-inniúil ó thaobh an mhíchumais agus chun cabhrú linn ár mbeartas a chur i ngníomh;
- Dea-chleachtas a chur i ngníomh trí, chomh fada agus is féidir, ár n-áitreabh, ár bhfoilseacháin agus ár ngnáthaimh a dhéanamh so-úsáidte ag cách agus trí dhul faoi thraenáil sa chomhionannas míchumais de réir caighdeán aitheanta;
- Dialóg oscailte a choimeád ar siúl le dreamanna a bhíonn ag plé leis na healaíona agus míchumais, chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn ár mbeartais ag coinneáil bord ar bord le riachtanais na linne agus le dálaí de réir mar a athraíonn siad;
- An foilseachán dar teideal the *Arts and Disability Handbook, 1999* a uasdátú, i gcomhpháirt le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann;

- Beartas um na hEalaíona agus Comhionannas a fhorbairt chun cuimsitheacht agus caidreamh cothrom ealaíne agus sóisialta a thabhairt slán. (Faoi bhun na reachtaíochta atá anois ann tá sé i gcoinne an dlí leithcheal a dhéanamh ar cheann ar bith de naoi bhforas, agus tá míchumas ina measc. Is iad na forais eile ná inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, claonadh gnéasach, cine, creideamh agus a bheith bainteach leis an Lucht Siúil.)

### Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son eagraíochtaí míchumais, idir reachtúil agus dheonach, chun tacú leis na healaíona agus luach na n-ealaíon a aithint mar pháirt chúí dá saothar leanúnach.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin **[www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)**. Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis na healaíona agus míchumas le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Arts & Health

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need to **support artists** wishing to develop their practice in healthcare settings, the need to create **funding partnerships** to sustain a number of key exemplary projects; the need to build the support infrastructure for arts and health practice through the **establishment of specialist resource services**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can, in turn, help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are an **artist** wishing to develop your practice within healthcare settings, or if you have an idea for an **arts and health project**.

You work in or with a **resource organisation** or another type of organisation that offers information, advice and other services relevant to arts and health, including supports to artists working in healthcare settings, and advice to healthcare professionals.

You work in or with a **venue, festival or production company** that:

- works in health settings as part of a broader artistic programme;
- focuses specifically in the area of arts and health.

## Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives in arts and health, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Establish the best way of providing support services to those involved in arts and health practice, including artists, arts organisations and healthcare professionals. This might be provided as part of the work of currently funded organisations, but we will also test the viability of establishing an independent, holistic and inclusive arts and health resource organisation or organisations, national or regional, to lead work in this field;
- Facilitate networking between professionals within the arts and within healthcare, on a local and national basis, to encourage information and experience exchange, and to promote high standards;
- Establish, with partners, a forum on *architecture, health and the arts*, with a view to raising public awareness of policy issues in this area;
- Respond to the needs of those involved in this area, based on the findings of the 2004 Arts and Health conference;
- Support a small number of key exemplary arts and health initiatives on a sustained basis, through funding partnerships with health sector bodies.

## Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- Best practice standards to be applied in arts and health practice, across all healthcare settings;
- The value of the arts to be acknowledged within the health services and within health policies nationally: in particular we will make proposals to providers of medical education advocating the value of the arts within formal professional education and training;
- A higher level of recognition of arts and health as a legitimate area of artistic practice, and for this to be reflected in third level artistic professional and vocational training.

## Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to arts and health can be found elsewhere in this document.

# Na hEalaíona & Sláinte

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh.

Tá gá leis na rudaí seo a leanas, **tacú le healaíontóirí** a gcleachtadh i dtimpeallacht cúram sláinte a fhorbairt;

**comhpháirtíochtaí maoinithe** a chruthú a choimeádfaidh roinnt eochair-thionscadal eiseamláireach ar siúl; tacú leis an mbonneagar i gcomhair chleachtadh na n-ealaíon i gcúrsaí sláinte trí **sheirbhísí acmhainní speisialtóireachta a bhunú**.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dt trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocthadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Ealaíontóirí** atá ag iarraidh a gcleachtas a fhorbairt laistigh de shuíomhanna cúram sláinte, nó daoine a bhfuil smaoiniamh acu le haghaidh **tionscadail i réimse na n-ealaíon agus sláinte**;

Daoine a oibríonn le **heagraíocht acmhainne** nó cineál eile eagraíochta a thairgeann eolas, comhairle agus seirbhísí eile a bhaineann leis na healaíona agus sláinte, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí a shaotharaíonn i dtimpeallacht chúram sláinte, agus comhairle a sholáthar d'oibríthe gairmiúla chúram sláinte.

Daoine a oibríonn le **hionad tionóil, féile nó compántas léiriúcháin**:

- a oibríonn i suíomhanna sláinte mar pháirt dá gclár ealaíne;
- a bhfuil a gcuid oibre dírithe go sonrach ar réimse na n-ealaíon agus sláinte.



## Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008, beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh sna healaíona agus sláinte, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- An bealach is fearr a aimsiú chun seirbhís tacaíochta a sholáthar dóibh siúd a bhíonn ag plé leis na healaíona agus sláinte, lena n-áirítear ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíontóirí agus oibríthe gairmiúla cúram sláinte. D'fhéadfadh seo a sholáthar mar pháirt den obair a dhéanann eagraíochtaí atá á maoiniú faoi láthair, ach féachfaimid freisin an indéanta dúinn eagraíocht (nó eagraíochtaí) neamhspleách, uilíoch agus ilchuimsitheach a bhunú i gcomhair réimse na n-ealaíon agus sláinte a bheidh i gceannas ar an obair seo go náisiúnta nó go réigiúnach;
- Gréasánú a éascú idir oibríthe gairmiúla laistigh de na healaíona agus laistigh den réimse cúram sláinte, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, chun malartú eolais agus saintaithí a spreagadh agus ardchaighdeán a chothú;
- Fóram um ailtireacht, sláinte agus na healaíona a bhunú, i gcomhar le comhpháirtithe, chun chur le feasacht an phobail maidir le ceisteanna beartais sa réimse seo;
- Freastal ar riachtanais na ndaoine a bhíonn ag plé leis an réimse seo, de réir thorthaí na Comhdhála ar na Ealaíona agus Sláinte a tionóladh i 2004;
- Anuas air sin, idirbheartóimid comhpháirtíochtaí maoinithe le comhlachtaí san earnáil sláinte chun tacú ar bhonn leanúnach le roinnt bheag eochair-thionscnamh eiseamláireach sna healaíona agus sláinte.

## Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- Le go gcuirfear caighdeán dea-chleachtais i bhfeidhm i réimse na n-ealaíon agus sláinte, i ngach suíomh cúram sláinte;
- Le go n-admhófar luach na n-ealaíon laistigh de na seirbhísí sláinte agus laistigh de bheartais sláinte go náisiúnta: cuirfimid moltaí ar fáil do sholáthróirí oideachais sláinte ag léiriú luach na n-ealaíon laistigh den traenáil agus den oideachas foirmiúil gairmiúil;
- Tuilleadh aitheantais a thabhairt do na healaíona i réimse na sláinte mar ghné dhlísteanach de chleachtadh na n-ealaíon, agus sin a bheith le sonrú ar thraenáil ghairmiúil tríú leibhéal sna healaíona.

## Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis na healaíona agus sláinte le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Arts in Schools

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need to: **advocate the value of high-quality arts-in-education experiences**; the need to **improve practice** by providing resources, incentives and services for **artists and arts organisations**; the need to facilitate the implementation of A National System of Local Music Education Service as a **model for partnership** that can be applied across all the artforms; the need to establish a **web-based information and advice service** to support good arts-in-schools practice.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. These programmes will acknowledge:

- the multi-faceted role played by the artist in formal education settings, as creator, researcher and facilitator;
- the value of this work to the artist's own practice and;
- the collaborative nature of good practice, which involves the artist, the child, the teacher, the parent and the wider school community in the making, viewing and interpreting of art.

As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are an **artist** who wishes to develop your practice in this area.

You have an idea for an **arts project in school** that:

- is an artists' residency, based on existing models of good practice operated by arts organisations and others;
- extends existing models in literature to other artforms, in partnership with appropriate resource and other arts organisations;
- is an **artists' project involving partnerships** with schools.

You work in or with a **resource organisation** that is concerned with the development of information, advice and other services which encourage best arts-in-education practice.

You work in or with a **venue, festival or production company** that:

- engages to exemplary standards in this field of arts practice;
- has an existing commitment to work to high standards in and with schools;
- has ambitions to work in schools and requires support to improve practice in this area.

### Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support arts-in-education, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Facilitate the implementation of the feasibility study, *A National System of Local Music Education Service*, through a multi-agency partnership at local and national levels and extend this model to other artforms;
- Enhance professional development opportunities for artists and arts professionals by:
  - auditing training needs and researching existing provision;
  - supporting training opportunities in partnership with third level and other training institutions;
  - supporting mentoring schemes;
  - facilitating networking and other opportunities for dialogue and sharing of skills and experience;
- Provide incentives and support to encourage artists with a track record of high artistic achievement, who have not previously worked in this area, to consider doing so;

- Establish a comprehensive information and advice service through the provision of a web based resource to include, for example, best practice case studies, principles and guidelines and key research findings;
- Complete *Towards Best Practice*, a partnership initiative to develop guidelines and principles for good arts-in-schools practice. Build on the value and effectiveness of this collaboration between the Department of Education and Science, the Arts Council and other key partners to further improve standards and quality of practice in arts in schools;
- Continue and enhance the successful partnership with education centres, which, through the Schools Linkage Programme, has enabled specifically-commissioned exhibitions of visual art to be seen and appreciated by a growing number of school children.

### Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for the value, effects and effectiveness of a comprehensive arts-in-education experience and the distinctive contributions made to this experience by artists and arts organisations.

### Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to arts in schools can be found elsewhere in this document.

# Na hEalaíona sna Scoileanna

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun dul chun cinn a dhéanamh. Tá gá leis na rudaí seo a leanas: an luach a bhaineann le **taithe ealaíne ardchaighdeáin sa chóras oideachais a dhearbhu; cleachtais a fheabhsú** trí acmhainní, dreasachtaí agus seirbhísí a sholáthar **d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíne;** cabhrú le Córas Náisiúnta Seirbhísí Oideachais Cheoil a bhunú mar **eiseamláir chomhpháirteachais** a d'fhéadfadh a úsáid sna foirmeacha ealaíne go léir; **seirbhís ghréasán-bhunaithe eolais agus comhairle** a bhunú chun tacú le dea-chleachtais i réimse na n-ealaíon sna scoileanna.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dtrí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. Tabharfaidh na cláir seo aitheantas

- o don ról ilghnéitheach a imríonn an t-ealaíontóir sna suíomhanna sin, mar chruthaitheoir, taighdeoir agus éascaitheoir,
- o luach na hoibre seo maidir le cleachtas an ealaíontóra féin
- o nádúr comhoibritheach na ndea-chleachtas a chuireann an t-ealaíontóir, an páiste, an múinteoir, an tuismitheoir agus lucht na scoile go ginearálta i ngleic le cruthú, breathnú agus léirmhíniú an tsaothair ealaíne

De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thiocfadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Ealaíontóirí** atá ag iarraidh a gcleachtas sa réimse seo a fhorbairt;  
Daoine a bhfuil smaoinemh acu le haghaidh **tionscadail i réimse na n-ealaíon sna scoileanna**

- o cónaitheachtaí d'ealaíontóirí sna scoileanna, atá bunaithe ar na samhlacha dea-chleachtais atá ann faoi láthair agus a bhíonn in úsáid ag eagraíochtaí ealaíne agus eile;
- o a chuireann samhlacha atá le fáil sa litríocht i bhfeidhm ar fhoirmeacha ealaíne eile, i gcomhpháirt leis na heagraíochtaí acmhainne cuí agus le heagraíochtaí eile ealaíne;
- o tograí le haghaidh **thionscadail ealaíontóirí a bhfuil comhpháirtíochtaí** le scoileanna i gceist iontu.

Daoine a oibríonn le **heagraíocht acmhainne** atá ag plé le forbairt sheirbhísí eolais, comhairle agus eile a d'fhéadfadh cabhrú le dea-chleachtais i réimse na n-ealaíon san oideachas.

Daoine a oibríonn le **féile nó le hionad tionóil** nó compántas léiriúcháin

- o a bhaineann sárchaighdeáin amach sa réimse ealaíne seo;
- o atá tiomanta cheana féin d'obair ardchaighdeáin a dhéanamh sna scoileanna agus i gcomhar le lucht na scoileanna;
- o a bhfuil rún acu oibriú sna scoileanna agus a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun a gcleachtais sa réimse seo a fheabhsú.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh sna healaíona san oideachas, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. Is de réir a chéile a rachfar i mbun na dtionscnamh seo. De réir mar a théimid ar aghaidh, beimid ag iarraidh orailbh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Cabhrú le staidéar féidearthachta a chur i gcrích maidir le Córas Náisiúnta Seirbhísí Áitiúla Oideachais Cheoil trí chomhpháirtíocht ilghníomhaireachta ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus an tsamhail sin a fhorleathnú go foirmeacha ealaíne eile;
- Deiseanna forbairt gairme a fheabhsú le haghaidh ealaíontóirí agus oibríthe ealaíne gairmiúla trí:
  - o riachtanais traenála a iniúchadh agus an soláthar reatha a thaighdiú;
  - o tacú le deiseanna traenála i gcomhpháirt le hinstitiúidí tríú leibhéal agus institiúidí eile traenála;
  - o tacú le scéimeanna meantóireachta;

- o deiseanna gréasánaithe a éascú, agus deiseanna eile le haghaidh dialóige agus scileanna agus taithí a roinnt;
- Dreasachtaí agus tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí a bhfuil obair shuntasach curtha i gcrích acu ach nár shaothraigh sa réimse seo roimhe, chun go ndéanfaidh siad a machnamh air;
- Seirbhís chuimsitheach eolais agus comhairle a bhunú trí acmhainn ghréasán-bhunaithe a chur ar fáil a chlúdóidh, mar shampla, cás-staidéir dea-chleachtais, prionsabail, treoirlínte agus eochair-thorthaí taighde;
- Críoch a chur ar *I dTreo Dea-Chleachtais*, tionscnamh comhpháirteachais chun treoirlínte agus prionsabail a fhorbairt le haghaidh dea-chleachtas i réimse na n-ealaíon sna scoileanna. Cur le luach agus éifeachtúlacht na comhpháirtíochta seo idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Chomhairle Ealaíon agus eochair-chomhpháirtithe eile d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar chaighdeáin maidir le cleachtadh na n-ealaíon sna scoileanna;
- Leanúint den chomhpháirtíocht rathúil le hionaid oideachais, agus an chomhpháirtíocht sin a fheabhsú trí Nasc-Chlár na dTaispeántas Scoile, a chuireann taispeántais de shaothair fisealaíne sainchoimisiúnaithe ar siúl i measc líon níos airde ná riamh de pháistí scoile.

### Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht maidir leis an luach, tionchar agus éifeachtúlacht a bhaineann le taithí chuimsitheach ar na healaíona san oideachas agus na róil shainiúla a imríonn ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne sa taithí sin.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis na healaíona sna scoileanna le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# International Arts & European Cultural Co-operation

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to enable artists and organisations to enhance the international dimension of their work. These are, the need to: make **travel and mobility funding more flexible**, to meet the changing needs of artists; the need to ensure **the availability of the information, advice and training needed to operate in the international arena**; the need for a **project feasibility fund**, given the high level of risk in undertaking large-scale international projects, and given the small staff and constrained resources within which Irish arts organisations work; the need to advocate for the **removal of VAT on non-resident artists' earnings**.

## New Funding Programmes

Over the three years 2006, 2007 and 2008 we will establish, on a phased basis, new funding programmes. As these programmes are introduced, we will invite you to come and talk to us about your ideas, about how our funding programmes might support you, and about how you can help in achieving these goals.

*This may be of interest to you if:*

You are an **individual artist** who wishes to create and maintain opportunities to present work abroad through travel, or through inviting people to visit Ireland to see your work and to develop partnerships.

You are an artist who because of the nature of your artistic practice, needs to travel with a **group or ensemble**.

You have ideas for an **international project**.

You have proposals that will assist Irish participation at **major international showcase events**, particularly those currently without Irish representation.

You are a **publisher**, with proposals for inward translations into English.

You work in or with a **resource organisation** that supports artists and arts organisations to work internationally, and particularly if:

- you have ambitions to develop information, advice and other services which can support this work;
- you wish to participate in international networks important for the development of your artform.

You work in or with a **venue, festival or production company** that:

- has ambitions to work internationally;
- has existing international activities which you would like to develop;
- wishes to test the feasibility of a large-scale international project;
- has a programme which includes international elements as part of a balanced mix appropriate to scale, size and purpose.

### Initiatives

Over the next three years - 2006, 2007 and 2008 - we will take initiatives to support the international activities of artists and organisations, based on working closely with individuals and organisations with ideas and achievements in these areas. These initiatives will be introduced on a phased basis. As we make progress, we will invite you to discuss with us ways in which you might assist us to:

- Ensure that appropriate information and training needed to operate in the international arts arena is made available. This will be relevant not only to the presentation of work abroad, but will also facilitate longer-term co-operative projects and international co-production;
- Address gaps in international connections and contacts, and allow artists to take advantage of opportunities as they emerge, by engaging in direct international initiatives, such as trade fairs or showcase events, on a case-by-case basis;
- Establish a comprehensive information and advice service through the provision of a web based resource that collates best practice currently available on working internationally;

- Engage with Culture Ireland and other relevant bodies to:
  - establish a joint policy, on co-financing Irish participation in cultural co-operation projects;
  - establish artistic programming and development schemes for and with Ireland's diverse cultural groups, in order to celebrate greater cultural diversity within Ireland and the closer linkages with other countries and cultures which arise from this diversity.

### Advocacy

Over the next three years, we will be seeking partners to work with us in advocating for:

- The removal of VAT on the earnings of non-resident artists;
- Distinct operating programmes for arts development to be included within the European Structural Funds;
- Explicit mention of arts and culture in related national and European policy and funding areas, such as Regional Development, Life-Long Learning, Linguistic Diversity, Vocational Training, Youth and Education.

### Links

*Partnership for the Arts, Arts Council Goals 2006 – 2010* is available by contacting us or can be seen on our website [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Information on other actions relevant to international arts & European cultural co-operation can be found elsewhere in this document.

# Na hEalaíona Idirnáisiúnta agus an Comhar Cultúrtha san Eoraip

## CUSPÓIRÍ

Luach na n-ealaíon sa tsochaí a dhearbhu agus a chur chun cinn

Cabhrú le healaíontóirí a n-uailmhianta ealaíne a bhaint amach

Cur ar a gcumas do dhaoine blaiseadh de na healaíona ar bhonn níos fearr agus níos fairsinge

Eagraíochtaí ealaíne ar fud na tíre a neartú chun go mbeidh pobal ealaíne bríomhar seasmhach ann

Deimhin a dhéanamh de go saothraíonn an Chomhairle Ealaíon go héifeachtach chun tacú leis na healaíona

## Na cuspóirí seo a bhaint amach

Táimid ar ár ndícheall chun saothrú i gcomhar le lucht na n-ealaíon agus le páirtithe eile chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt réimsí tosaíochta aitheanta againn a gcaithfear dul i ngleic leo chun cur ar a gcumas d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí an ghné idirnáisiúnta dá n-obair a fheabhsú. Tá gá leis na rudaí seo a leanas:

**maoiniú taistil agus soghluaisteachta a dhéanamh níos solúbtha**, d'fhonn freastal ar riachtanais athraitheacha na n-ealaíontóirí; deimhin a dhéanamh de go mbíonn **eolas, comhairle agus traenáil le fáil de réir mar a theastaíonn ó dhaoine chun feidhmiú i gcomhthéacs idirnáisiúnta**; tá gá le **ciste um indéantacht tionscadail**, i bhfianaise na mór-rioscaí a bhaineann le tionscadail idirnáisiúnta mhórsála, agus i bhfianaise laghad na foirne agus na n-acmhainní a bhíonn le fáil ag eagraíochtaí ealaíne in Éirinn; abhcóideacht a dhéanamh chun **deireadh a chur le CBL ar thuillimh ealaíontóirí neamhchónaitheacha**.

## Cláir Mhaoinithe Nua

I gcaitheamh na dt trí bliana 2006, 2007 agus 2008 cuirfimid cláir mhaoinithe nua ar siúl ar bhonn céimnithe. De réir mar a thugtar na cláir seo isteach, beimid ag iarraidh oraibh bhur gcuid smaointe féin a phlé linn, féachaint conas a chabhróidh ár gcláir mhaoinithe libh agus conas a thioctadh libhse cabhrú linne ár gcuspóirí a bhaint amach.

*Seans go mbeadh spéis ag na dreamanna seo a leanas sna cláir seo:*

**Ealaíontóirí aonair** atá ag iarraidh deiseanna a chruthú chun a gcuid saothair a chur i láthair i dtíortha thar sáile de thoradh ar thaisteal, nó trí chuireadh go hÉirinn a thabhairt do dhaoine chun breathnú ar a saothar agus comhpháirtíochtaí a bhunú; Ealaíontóirí a bhíonn ag taisteal le **grúpa nó ensemble**;

Daoine a bhfuil smaoinemh acu le haghaidh **tionscadail idirnáisiúnta**;

Daoine a bhfuil smaointe acu a chabhróidh le rannpháirtithe Éireannacha a chur chuig **seó-thaispeántais mhóra idirnáisiúnta**, go háirithe na hócáidí sin nach mbíonn rannpháirtithe Éireannacha ag freastal orthu faoi láthair;

**Foilsitheoirí**, a bhfuil smaointe acu maidir le haistriúcháin go Béarla.

Daoine a oibríonn le **heagraíocht acmhainne** a thacaíonn le healaíontóirí agus i heagraíochtaí ealaíne a shaothraíonn go hidirnáisiúnta, go háirithe iad sin:

- a bhfuil rún acu eolas, comhairle agus seirbhísí eile a fhorbairt a d'fhéadfadh tacú leis an obair sin;
- atá ag iarraidh a bheith páirteach i ngréasáin idirnáisiúnta atá tábhachtach maidir le forbairt na foirne ealaíne.

Daoine a oibríonn le **féile nó le hionad tionóil nó compántas léiriúcháin**:



- o a bhfuil rún acu saothrú go hidirnáisiúnta;
- o a bhfuil gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ar siúl acu cheana atá siad ag iarraidh a fhorbairt;
- o atá ag iarraidh tionscadal idirnáisiúnta mhórsála a thástáil, féachaint an bhfuil sé indéanta;
- o a bhfuil gnéithe idirnáisiúnta ina gcláir mar pháirt de mheascadh cothrom de réir mar is cuí tar éis scála, méid agus cuspóir a chur san áireamh.

### Tionscnaimh

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn - 2006, 2007 agus 2008 - beimid ag tabhairt faoi thionscnaimh chun tacú le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ealaíontóirí agus eagraíochtaí, ag saothrú i ndlúthpháirt le daoine agus le heagraíochtaí a bhfuil smaointe acu agus a bhfuil obair curtha i gcrích acu sa réimse seo cheana. De réir mar a dhéanaimid dul chun cinn beimid ag iarraidh oraibh teacht chun plé linn faoi shlite ina dtiocfadh libh cabhrú linn chun:

- Deimhin a dhéanamh de go soláthraítear an t-eolas agus an traenáil atá riachtanach chun feidhmiú i réimse na n-ealaíon idirnáisiúnta. Ní amháin go mbeidh tionchar aige sin ar chur i láthair na hoibre i dtíortha thar sáile, ach éascóidh sé tionscadail chomhoibre níos fadtéarmaí agus comhléiriúcháin idirnáisiúnta chomh maith;
- Dul i ngleic le heasnamh sna naisc agus sna teagmhálacha idirnáisiúnta, agus cur ar a gcumas d'ealaíontóirí deiseanna a thapú de réir mar a chuirtear ar fáil iad, trína bheith rannpháirteach i dtionscnaimh dhíreacha idirnáisiúnta, mar shampla aontaí trádála nó imeachtaí seó-thaispeántais;
- Seirbhís chuimsitheach eolais agus comhairle a bhunú trí acmhainn ghréasán-bhunaithe a bhaileoidh le chéile na cleachtais is fearr atá le fáil faoi láthair i dtaca le hobair idirnáisiúnta;

- Dul i gcaidreamh le Culture Ireland agus comhlachtaí ábhartha eile chun:
  - o chomhbheartas a bhunú, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile cultúrtha agus maoinithe, maidir le cómhaoiniú a chur ar fáil do na rannpháirtithe Éireannacha i dtionscadail chultúrtha chomhoibre;
  - o scéimeanna forbartha agus clár ealaíne a bhunú i gcomhar le agus ar son na ngrúpaí cultúrtha éagsúla in Éirinn, chun an éagsúlacht nua chultúrtha laistigh d'Éirinn a cheiliúradh agus naisc níos dlúithe a chruthú le tíortha agus le cultúir eile.

### Abhcóideacht

I gcaitheamh na dtrí bliana amach romhainn beimid ag lorg comhpháirtithe chun saothrú i gcomhar linn inár n-abhcóideacht ar son:

- o Deireadh a chur le CBL ar thuillimh ealaíontóirí neamhchónaitheacha;
- o Cláir oibriúcháin ar leith i gcomhair fhorbairt na n-ealaíon a bheith mar pháirt de Chistí Struchtúrtha na hEorpa;
- o Na healaíona agus cultúr a bheith luaite go sonrach i réimsí maoinithe gaolmhara den bheartas náisiúnta agus Eorpach, cuir i gcás an Fhorbairt Réigiúnach; Foghlaim ar Feadh an tSaoil; Éagsúlacht Teanga, Gairmoiliúint, Gnóthaí Óige agus Oideachais.

### Naisc

Is féidir *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon, Cuspóirí na Comhairle Ealaíon 2006 - 2010* a fháil trí dhul i dteagmháil linn nó breathnú ar ár suíomh gréasáin [www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie). Tá eolas faoi bhearta eile a bhaineann leis na healaíona idirnáisiúnta agus an comhar cultúrtha san Eoraip le fáil in ailt eile sa doiciméad seo.

# Local Arts

## GOALS

Affirm and promote the value of the arts in society

Assist artists in realising their artistic ambitions

Make it possible for people to extend and enhance their experience of the arts

Strengthen arts organisations countrywide so as to secure the basis of a vibrant and stable arts community

Ensure the Arts Council works effectively to support the arts

## Achieving these goals

We are actively seeking to work together with the arts community and others to achieve these goals. We have identified a number of priority areas that need to be addressed if we are to make progress. These are, the need to: **review our current partnership with local authorities**, to take account of their developing levels of expertise and commitment to the arts, and their key role in leading local arts development; the need to continue and enhance our relationship with the **City and County Managers' Association** in order to develop shared and **complementary objectives for local arts development**; the critical need to **identify key areas for investment** so that our support to the arts at local level can be clear, targeted, and negotiated with relevant partners.

## New Funding Programmes

